



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Ealaín na hArdteistiméireachta

I gcomhair comhairliúcháin

Meán Fómhair 2025

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	1
CÚLRA AGUS COMHTHÉACS.....	2
Achoimre ar an gCuid seo	4
EALAÍN SA CHURACLAM.....	5
Ealaín sa tsraith shóisearach.....	5
Ealaín sa tsraith shinsearach.....	6
Ealaín i bhfócas.....	7
Rannpháirtíocht an scoláire	7
Measúnú don teistiúchán	7
Léargais ó Thuarascálacha Cigireachta agus ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora	8
Achoimre ar an gCuid seo	9
LÉARGAS Ó CHUAIRTEANNA AR SCOILEANNA.....	11
Achoimre ar an gCuid seo	15
TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA SAN OIDEACHAS EALAÍNE.....	16
An Ísiltír (VWO).....	16
Curaclam	16
Measúnú	17
New South Wales	18
Curaclam	19
Measúnú	20
An Nua-Shéalainn	21
Curaclam	21
Measúnú	22
Singeapór	22
Curaclam	22
Measúnú	24
Achoimre ar an gcuid seo	25
CEISTEANNA A BHFUIL MACHNAMH LE DÉANAMH ORTHU.....	27

An chothromaíocht idir scileanna agus smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach	27
An Teicneolaíocht Dhigiteach san Ealaín agus an Intleacht Shaorga	27
Grianghradadóireacht	28
Bunfhoinsí.....	28
Amharcstaidéar	28
Achoimre ar an gCuid seo	29
TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR AN EALAÍN	30
TAGAIRTÍ	32
AGUISÍN 1: PARAIMEÁDAIR UILEGHABHÁLACHA LE HAGHAIDH CEAPADH SOCRUITHE MEASÚNAITHE I BHFORBAIRT NA SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I DTRÁINSE 4	38

Réamhrá

Foilsíodh an tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fíis i leith sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagtar amach in [Cothromas agus Sármhaitheas do Chách](#) (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Áirítear an athfhorbairt ar Ealaín i dTráinse 4, a thabharfar chun críche in 2027 lena thabhairt isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2028.

Cuirtear comhthéacs ar fáil sa pháipéar seo le haghaidh an athbhreithnithe ar Ealaín agus rinne tuairimí múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí eolas dó, tuairimí a bailíodh trí chuairteanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch de scoileanna. Cuirtear tús leis an gcáipéis seo le machnamh ar chúlra na hEalaíne, agus dearcadh ar an gcomhthéacs reatha á chur i láthair i gCuid 1, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí beartais ábhartha. I gCuid 2 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear faoi láthair ar oideachas Ealaíne laistigh de churaclam na hÉireann, agus cuirtear forléargas ar fáil i gCuid 3 ar na léargais a fuarthas trí chuairteanna scoile a rinneadh agus tríd an taithí saoil a bhíonn ag scoileanna, múinteoirí, agus scoláirí. I gCuid 4 meastar deiseanna oideachais comhchosúla i dtíortha eile agus cuirtear forbhreathnú i láthair ar cheithre dhlínse dhifriúla. I gCuid 5 tarraingítear ar na trí chuid roimhe sin chun roinnt saincheisteanna a chatagóiriú agus a phlé go hachomair, ar saincheisteanna iad a sainaithníodh lena mbreithniú in athfhorbairt Ealaín na hArdteistiméireachta roimh threoir bheartaithe a leagan amach ar deireadh le haghaidh na hoibre sin i gCuid 6, rud a threoróidh obair na meithle forbartha.

Cúlra agus Comhthéacs

Leagtar amach sa chuid seo roinnt de na forbairtí suntasacha in Ealaín ó tugadh isteach i dtosach í, sula ndírítear ar an tírdhreach oideachais agus beartas níos leithne, ar ceisteanna tábhachtacha comhthéacsúla iad le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt na hEalaíne.

Tugadh an tsonraíocht reatha isteach in 2019 agus tháinig sí in ionad shiollabas Ealaín na hArdteistiméireachta, a tugadh isteach in 1971. Cur chuige an-chúng i leith an churaclaim lena fhócas ar aschuir shainithe a bhí sa siollabas. Mar sin féin, le hathruithe ar struchtúr na scrúduithe le himeacht ama, coinníodh ábhartha é de réir mar a d'athraigh na cineálacha cur chuige i leith oideachais Ealaíne le himeacht ama. Is fiú a shonrú gur forbraíodh siollabas athbhreithnithe idir 2004 agus 2007 ach nár tugadh isteach riamh é. Bhí sé mar aidhm ag an siollabas athbhreithnithe sin teanga amhairc a thabhairt do scoláirí a chuirfeadh ar a gcumas eolas, mothúcháin, smaointe agus léargais a chur in iúl go físiúil agus saothar ealaíonta daoine eile a thuiscint agus a bheith ag plé leis. Rinneadh cur síos ann freisin ar an teanga amhairc mar theanga a bhfuil ceithre ghné aici; Cruthaitheach, Aeistéitiúil, Criticiúil/Stairiúil agus Cultúrtha. Dearadh an siollabas, atá roinnte ina thrí chuid, mar aonad comhtháite inar measadh go raibh gach cuid idirnasctha chun críoch teagaisc agus foghlama: Cuid A, Líníocht (breathnaitheach agus beo); Cuid B, Obair Stiúideo (Ceardaíocht, Mínealaín agus Cumarsáid Amhairc); agus Cuid C: Stair agus Léirthuiscint ar Ealaín agus Dearadh.

Foilsíodh sonraíocht reatha Ealaín na hArdteistiméireachta in 2019 ach níor tugadh isteach i scoileanna go dtí 2020 í mar gheall ar phaindéim COVID-19. Sa bhliain 2021, lean an chéad chohórt scoláirí an tsonraíocht nua a scrúdaíodh ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal araon sa bhliain 2023.

Ó thaobh beartais de, leagadh cur chuige amach le foilsiú [Chairt na nEalaíon san Oideachas \(2012\)](#) maidir le comhtháthú na nEalaíon i ngach earnáil agus leibhéal den tsochaí sa tír trí fhís a chur in iúl a chuireann na hEalaíona i gcroílár an chórais oideachais fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus a bhfuil sé i gceist léi bonn eolais a chur faoi bheartais amach anseo.

Tháinig méadú ar mhaoiniú ó €75m go €130m in 2021 don Chomhairle Ealaíon, agus tugadh aghaidh ar a úsáid ina [Phlean um Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh 2022-2025](#), ina leagtar amach pleananna chun a chinntiú go dtacaítear le healaíontóirí, go bhfuil meas ar a gcuid saothair, agus go gcuirtear spásanna agus áiteanna ar fáil chun cabhrú le healaíontóirí a gcuid saothair a chruthú agus a thaispeáint. Áirítear leis an bplean seo infheistíocht bhliantúil de €3 mhilliún i dtionscadal na Scoileanna Ildánacha i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Óige, a bhain 831 scoil amach agus trína bhfostaítear 80 comhlach cruthaitheach (ealaíontóirí, cleachtóirí agus múinteoirí) chun oibriú sna scoileanna sin.

Tá an [Clár Éire Ildánach](#), a d'eascair ón gceiliúradh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán, ina dhara clár 5 bliana faoi láthair. Tá sé dírithe ar 5 phríomhthéama: Óige Ildánach, Pobail Ildánacha, Sláinte agus Folláine Ildánach; Gníomhaíocht Chruthaitheach ar son na hAeráide; agus Tionscail Ildánacha. Díríonn an [Plean Óige Ildánach \(2023-2027\)](#) ar na naisc idir cruthaitheacht agus folláine, díríonn sé ar chruthaitheacht agus ar ionchuimsiú agus ar fhorbairt ghuth an scoláire, agus déanann sé fiosrú ar ról na cruthaitheachta sa seomra ranga tríd an gcuraclam. Díríonn an beartas seo ar an gcaoi ar cheart don fhorbairt curaclaim amach anseo aird a thabhairt ar an gcaoi ar féidir cur le gach ábhar agus tacú le cleachtais chruthaitheacha a leabú i ngach gné den teagasc, den

fhoghlaim agus den mheasúnú a bhuí leis an gcruthaitheacht. Sonraítear an [Ráiteas Polasaí um Oideachas ETIM \(2017-2026\)](#) agus an [Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027](#) araon i ndáil leis na deiseanna a d'fhéadfaí a sholáthar leo le haghaidh rannpháirtíochta, nuálaíochta agus cruthaitheachta. Tacóidh tionscnamh [Na hEalaíona Beo a Thabhairt chuig Daltaí & Múinteoirí \(BLAST\)](#) de chuid na Roinne Oideachais agus Óige (ROÓ), sa bhliain acadúil 2025-2026, le 425 cónaitheacht nua i scoileanna amháin mar chuid den obair seo, ag tabhairt cleachtóirí cruthaitheacha, múinteoirí, scoláirí, scoileanna, lonaid Ógtheagmhála agus an pobal níos leithne le chéile in obair chruthaitheach.

Le [Cruthaitheacht OIDE](#) (dár gaireadh Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach roimhe seo), seirbhís tacaíochta foghlama gairmiúla ROÓ do mhúinteoirí, cuirtear i láthair sraith d'eispéiris foghlama gairmiúla chun tacú lena gcuid rannpháirteachais sna healaíona agus san fhoghlaim. Bunaithe ar chomhpháirtíocht agus ar chomhoibriú le príomh-chomhpháirtithe roghnacha ar fud earnálacha na n-ealaíon agus an oideachais, tá sé mar aidhm ag OIDE tacú le lucht déanta ealaíon chun eispéiris foghlama gairmiúla a chruthú do mhúinteoirí. Is é an fhís ná go mbeadh gach múinteoir in ann meas a léiriú ar na healaíona agus ar chleachtais chruthaitheacha, go mbainfidís taitneamh astu agus go saibhreofaí iad dá mbarr, agus go mbreathnóidís ar an gcruthaitheacht agus ar na healaíona mar chuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaim.

Is iad na tosaíochtaí a leagtar amach sa [Treochlár do Thionscail na Cruthaitheachta Digití 2024-26](#) ná daoine cruthaitheacha, scileanna, gnólachtaí, spásanna, nuálaíocht agus cruthú eolais a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar sheasamh na hÉireann ar an margadh idirnáisiúnta. Forbraíodh é ón [bPlean Gníomhaíochta Closamhairc \(2019\)](#) agus leagtar amach ann straitéis na hÉireann maidir le léiriú scannán, drámaí teilifíse agus scannán beochana. Sainaithnítear trí phríomhearnáil sprice sa Treochlár do Thionscail na Cruthaitheachta Digití: Dearadh, lena n-áirítear tionsclaíoch, UI/UX (Comhéadan Úsáideoirí/Eispéireas Úsáideoirí), dearadh seirbhíse agus straitéiseach; Earnáil na gcluichí digiteacha; Earnálacha cruthaithe ábhair, lena n-áirítear fógraíocht, ábhar tráchtála, na meáin shóisialta agus AR/VR/MR (Réaltacht Bhreistithe/Fhíorúil/Mheasctha). Sonraítear ann go bhfuil scileanna cruthaitheacha an-athléimneach agus riachtanach don gheilleagar amach anseo agus tugann sé le fios go bhfuil ganntanas scileanna sna tionscail chruthaitheacha seo atá ag forbairt go tapa.

Tagraíonn réimsí gníomhaíochta tosaíochta an pholasaí [Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe go dtí 2023](#) do chlaohlú timpeallachtaí foghlama trí dheiseanna a thabhairt do scoláirí chun an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta is gá a shealbhú chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus taithí a fháil uirthi laistigh dá scoileanna. I measc na dtosaíochtaí breise tá acmhainn oideoirí a fhorbairt chun claochlú sochaíoch a chothú agus daoine óga a chumhachtú agus a shlógadh trí thacú leo mar ghníomhaithe an athraithe. Is féidir é sin a bhaint amach trí thacú le prionsabail agus cleachtais níos ionchuimsithí laistigh de thimpeallachtaí foghlama, oideolaíochtaí oiriúnacha amhail foghlaim ar bhonn fiosraithe, cruthaitheacht agus smaointeoireacht deartha agus foghlaim atá bunaithe ar fhadhbanna/dúshláin.

Is fiú a shonrú go leanann go leor gailearaithe agus músaem ar fud na hÉireann de thacaíocht a thabhairt do scoileanna áitiúla lena gcláir oideachais féin agus go bhfuil siad ag iarraidh na taispeántais a phleanálann agus a reáchtálann siad a nascadh leis an gcuraclam agus le riachtanais áitiúla.

Achoimre ar an gCuid seo

- Tháinig sonraíocht reatha na hEalaíne 2019 in ionad shiollabas Ealaíne 1971, a bhí dírithe ar dhóigh níos cúinge ar tháirge, agus leis an gcuraclam nua tugadh cur chuige níos iomlánaíoch isteach san ábhar mar aon le fócas athnuaite ar phróiseas agus ar fhoghlaim.
- Ba é Cairt na nEalaíon san Oideachas 2012 an cháipéis a spreag na forbairtí agus an fócas ar na healaíona san oideachas in Éirinn laistigh de scoileanna agus sa tsochaí i gcoitinne araon.
- Tá maoiniú tugtha ag an gComhairle Ealaíon don tionscnamh Scoileanna Ildánacha agus tá eispéiris ealaíon tugtha acu do 831 scoil trí 80 Comhlach Cruthaitheach ó bunaíodh é.
- Is codanna tábhachtacha de phlean Óige Ildánach iad cruthaitheacht, folláine agus ionchuimsiú.
- Tá *cruthaitheacht* nasctha go straitéiseach le *nuálaíocht*, mar a léirítear sna beartais ETIM agus Straitéisí Digiteacha do Scoileanna.
- Tá aitheantas agus tacaíocht bhreise tugtha don chruthaitheacht agus don nuálaíocht in earnálacha an deartha, na gcluichí digiteacha agus an chruthaithe ábhair tríd an Threochlár do Thionscail na Cruthaitheachta Digití.
- Tugann Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe fócas ar phrionsabail agus cleachtais ionchuimsitheacha laistigh de thimpeallachtaí foghlama, oideolaíochtaí oiriúnacha agus smaointeoireacht deartha agus foghlaim atá bunaithe ar fhadhbanna/dúshlán.
- Tá aitheantas tuillte ag go leor gailearaithe agus músaem ar fud na hÉireann as a gcuid teagmhála agus tacaíochta leanúnaí do scoileanna, múinteoirí agus scoláirí ina gceantair áitiúla.

Ealaín sa churaclam

Cuireann an chuid seo forléargas ar fáil ar na deiseanna foghlama a bhaineann leis an Ealaín atá ar fáil do scoláirí faoi láthair laistigh de chlár na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon. Dírítear ansin ar rátaí rannpháirtíochta scoláirí san Ealaín, agus tugtar breac-chuntas ar nádúr roghnúcháin an ábhair agus fiosraítear tuarascálacha cigireachta ón Roinn Oideachais/Roinn Oideachais agus Óige agus an tuarascáil is déanaí ó Phríomhscrúdaitheoir Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ealaín sa tsraith shóisearach

Cuireann sonraíocht Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí (2016) scoláirí i gcroílár an eispéiris ar Amharc-ealaín. Spreagtar scoláirí ann le nasc níos fearr a dhéanamh lena bhfoghlaim trí dhíriú ar chaighdeán na foghlama, agus trí eispéiris spreagúla agus thaitneamhacha a chur ar fáil atá ábhartha dá saol.

Baineann Amharc-ealaín, trí na trí shnáithe ealaín, ceardaíocht agus dearadh, le heispéiris i dteicnící ealaíne agus úsáid á baint as raon leathan meán ar a bhfuil toradh ar leith, m.sh. saothar ealaíne, dearadh, staidéar ailtireachta, suiteáil nó imeacht. Cuirtear béim bhreise ar na heispéiris sin trí úsáid a bhaint as na gnéithe trasghearrthacha: Teanga chriticiúil agus amhairc; Líníocht; Cultúr amhairc agus léirthuisint; Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (AEDP); agus na Meáin. Trí ealaín a dhéanamh forbraítear samhlaíocht an scoláire ach smaoineamh nó coincheap a fhorbairt agus ceadaíonn sé dóibh glacadh le freagracht phearsanta as tascanna ar leith.

In Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí, cuirtear béim ar fhoghlaim laistigh de spás sábháilte an ranga ealaíne agus ar ghníomhartha praiticiúla cruthaitheachta a dhéanamh chun féinmhuinín, fiosracht, samhlaíocht agus cruthaitheacht a fhorbairt mar aon leis an gcumas aghaidh a thabhairt ar réiteach fadhbanna san fhíorshaol. Forbraíonn scoláirí cumas a bheith ag obair, le himeacht ama, leo féin nó i ngrúpaí, agus iad ag déanamh taighde, ag pleanáil, ag dearadh agus ag cur tascanna ealaíonta agus aeistéitiúla i gcrích. Agus é sin á dhéanamh acu, forbraíonn scoláirí an litearthacht amhairc, na scileanna criticiúla agus an teanga is gá chun dul i ngleic leis an gcultúr comhaimseartha, rud a chuireann a thuilleadh lena dtuisint ar ról shaibhre agus éagsúla na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh i sochaithe agus i gcultúir stairiúla agus chomhaimseartha.

Taispeántar sa tábla thíos na rátaí rannpháirtíochta in Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí bunaithe ar líon na scoláirí a rinne an scrúdú ó 2022 i leith. Ba cheart a shonrú, bíodh is gur tháinig an tsonraíocht nua in ionad an tsiollabais in 2019, nach raibh aon scrúduithe foirmiúla ann go dtí 2022 mar gheall ar phaindéim Covid-19.

Bliain	Líon iomlán Iarrthóirí Amharc-ealaíne ar an Leibhéal Comónta	Iarrthóirí Iomlána sa Teastas Sóisearach	Iarrthóirí Amharc-ealaíne mar % d'Iarrthóirí Iomlána an Teastais Shóisearaigh
2022	20,856	67,130	31.1%


2023	22,278	70,727	31.5%
2024	24,117	72,828	33.1%

Tábla 1: Líon na scoláirí a thug faoi Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí ar an Leibhéal Comónta 2022-2024/5

Ealaín sa tsraith shinsearach

Foilsíodh an tsonraíocht reatha d'Ealaín na hArdteistiméireachta in 2019 agus tugadh isteach i scoileanna in 2020 í. Chuir sé an scoláire i gceartlár a n-eispéiris oideachais, áit a gcuirfí ar a gcumas a bheith acmhainneach, muiníneach, le páirt ghníomhach a bheith acu sa tsochaí agus spéis a fhorbairt san fhoghlaim agus i scileanna na foghlama ar feadh an tsaoil. Tá na príomhscileanna Cumarsáid, A Bheith Éifeachtach ar Bhonn Pearsanta, Obair le Daoine Eile, Smaointeoireacht Chriticiúil agus Chruthaitheach, agus Próiseáil Faisnéise leabaithe laistigh de na torthaí foghlama sa tsonraíocht.

Mar a luaitear sa tsonraíocht, sa réasúnaíocht, 'is teanga atá san Ealaín a úsáidimid chun cruth a chur ar ár smaointe' agus 'spreagann sí smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil, tacaíonn sí le scileanna fadhbréitigh a fhorbairt, agus neartaíonn sí inniúlacht an fhoghlaiméora smaointe a chur in iúl trína obair féin don lucht féachana beartaithe ...' Deirtear inti go spreagann an ealaín scoláirí chun 'meas a fhorbairt dá chomhfhoghlaiméoirí agus don phobal níos leithne; le níos mó comhbhá a bheith aige le daoine eile.' (ROS, 2019: 6).



Fíor 1: Struchtúr shonraíocht Ealaín na hArdteistiméireachta

Cuirtear an tsonraíocht i láthair ina trí shnáithe: Taighde, Cruthú agus Freagairt, agus gach ceann acu ag brath ar an dá cheann eile agus iad uile idirnasctha agus ag tacú leis an bpróiseas ealaíonta. Chomh maith leis sin, cuireann sí leis an méid a foghlaimíodh roimhe sin in Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí. Tugadh isteach leagan nuashonraithe ar a dtugtar Staidéir Amhairc sa tsonraíocht freisin in ionad na coda Stair agus Léirthuisint ar an Ealaín de shiollabas 1971, ina n-úsáidtear cur chuige creata chun obair phraiticiúil na scoláirí agus a dtuisint ar ealaín chomhaimseartha agus stairiúil a chomhtháthú ar dhóigh níos fearr. Is é is aidhm don tsonraíocht "eolas, scileanna, tuiscint agus luachanna a fhorbairt san fhoghlaiméoir le go mbeidh sé ar a chumas smaoineamh a thabhairt chun críche agus freagra a thabhairt ar a shaothar féin agus ar shaothar daoine eile mar aon leis na saothair a thuiscint, agus anailís agus measúnú a dhéanamh orthu fad is a fhorbraíonn sé a riar scileanna féin ar dhóigh phearsanta." (ROS, 2019: 7)

Ealaín i bhfócas

Sa chuid seo fiosraítear rátaí rannpháirtíochta in Ealaín na hArdteistiméireachta, bunaithe ar staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus cuirtear forléargas i láthair ar an measúnú don teistiúchán agus léargas ó thuarascálacha cigireachta na Roinne Oideachais/Roinne Oideachais agus Scileanna.

Rannpháirtíocht an scoláire

Bliain	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Líon Iomlán na nIarrthóirí	Líon Iomlán na nIarrthóirí Ardteistiméireachta	Iarrthóirí Iomlána Ealaín na hArdteistiméireachta mar % d'Iarrthóirí Iomlána
2019	7622	1563	9185	56,071	16.4
2020	8112	1504	9616	57,668	16.7
2021	7925	1417	9342	57,952	16.1
2022	7716	1531	9247	58,056	15.9
2023	7642	1502	9144	58,006	15.7
2024	8451	1408	9859	56,791	17.4

Tábla 2: Líon na scoláirí a rinne Ealaín na hArdteistiméireachta ar an ardleibhéal agus ar an ngnáthleibhéal 2019-2024/5

Measúnú don teistiúchán

Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit scrúdú ar Ealaín na hArdteistiméireachta ar an ardleibhéal agus ar an ngnáthleibhéal araon chun críoch measúnaithe. Tá trí chomhpháirt mheasúnaithe ann ar an iomlán.

Comhpháirt Mheasúnaithe	Ualú
Obair Chúrsa Phraiticiúil	50%
Scrúdú Praiticiúil	20%
Scrúdú scríofa	30%

Tábla 3: Comhphárteanna Measúnaithe in Ealaín na hArdteistiméireachta agus an t-ualach atá ag dul dóibh

Tá an chomhpháirt Obair Chúrsa Phraiticiúil deartha chun scrúdú a dhéanamh ar chumas an scoláire eolas, coincheapa agus scileanna a forbraíodh le linn a staidéar ar an Ealaín a úsáid chun saothar réadaithe a chur i gcrích ó spreagthach, i gcaitheamh tréimhse ama shínithe. Faigheann scoláirí treoir na hoibre cúrsa ó CSS ag tús Théarma 2 sa 6ú bliain, ina leagtar amach an tréimhse (12 sheachtain) ina gcuirfidh scoláirí píosa oibre amháin i gcrích agus ina bpleanálfaidh agus ina bhforbróidh siad obair chun an dara píosa oibre a chur i gcrích, a chríochnófar le linn an Scrúdaithe Phraiticiúil. Reáchtáiltear an scrúdú seo a luaithe is féidir tar éis chríochnú na comhphárte oibre

cúrsa praiticiúla agus críochnaítear laistigh de 5 uair an chloig in aon lá amháin é. Cuireann na scoláirí ráiteas ealaíontóra san áireamh freisin chun a mhíniú cad a chruthaigh siad, conas a cruthaíodh é agus cén fáth ar cruthaíodh é.

Tá raon agus cothromaíocht cineálacha ceisteanna (gearr agus fada) sa scrúdú scríofa atá oiriúnach do na trí Réimse Ábhair den Amharcstaidéar: *An Eoraip agus an domhan mór; Éire agus a háit sa domhan mór agus Domhan an lae inniu*. Déantar measúnú sa scrúdú scríofa ar chumas na scoláirí smaoineamh go criticiúil, faisnéis a anailísiú agus a mheas agus argóintí réasúnta agus loighciúla a cheapadh bunaithe ar fhianaise. Déantar tástáil ann freisin ar a gcumas faisnéis a phróiseáil agus tuiscint phearsanta a chur in iúl agus teanga amhairc agus téarmaíocht chuí á n-úsáid acu. Maireann an scrúdpháipéar 2.5 uair an chloig.

Léargais ó Thuarascálacha Cigireachta agus ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora

Tuarascálacha Cigireachta

Rinneadh taighde ar thrí cinn déag de [thuarascálacha Cigireachta](#) a bhaineann le hábhar na hEalaíne le trí bliana anuas don Cháipéis Eolais seo. Mar achoimre, fuarthas amach go raibh na ranna Ealaíne scoile a luadh iontu bríomhar, tacúil agus scoláire-lárnaithe, ag cothú cruthaitheachta, forbairt scileanna teicniúla agus folláine scoláirí. Ina dhiaidh sin, fuair siad tacaíocht láidir ó cheannairí scoile, agus tugadh ardphróifíl don Ealaín laistigh de na scoileanna. Tharla an teagasc in atmaisféar de chóimheas, áit ar spreagadh na scoláirí chun oibriú go neamhspleách agus úinéireacht a ghlacadh ar a bhfoghlaim. Rinneadh ceiliúradh ar éachtaí na scoláirí sna spásanna fisiciúla, sa seomra ealaíne agus i dtimpeallacht na scoile i gcoitinne. Chomh maith leis sin, sonraíodh deiseanna do scoláirí dul i ngleic leis an Ealaín taobh amuigh den churaclam. Léirigh na scoláirí scileanna teicniúla agus dea-rannpháirtíocht san ábhar agus bhí cleachtais éifeachtacha measúnaithe fhoirmithigh ina dtaca leo, lena n-áirítear aiseolas ó bhéal ar ardchaighdeán. Chuir na scoláirí féin in iúl gur bhain siad taitneamh as an Ealaín agus go raibh léirthuiscint acu do timpeallacht an tseomra ranga agus dá gcaidreamh lena múinteoirí.

Príomh-mholadh a tháinig chun cinn ó na tuarascálacha ná an gá atá le húsáid leanúnach bunfhoinsí a fheabhsú trí líníocht bhreathnaitheach mar bhunús d'obair na scoláirí. Sonraíodh go mbítear ag brath an iomarca ar ghrianghraif uaireanta. Bhí an teagasc i bhforbairt scileanna teicniúla go maith ach bhí gá é a chomhcheangal le scoláirí ag forbairt a gcuid scileanna smaointeoireachta cruthaitheacha agus criticiúla chomh maith. Sonraíodh go raibh gairm ann fosta i sonraíocht 2019 ar thuilleadh comhtháthaithe idir amharcstaidéar agus obair phraiticiúil agus thug Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi deara gur cheart go gcinnteodh an phleanáil go mbeadh sé ina chuid dhílis de phróisis chruthaitheacha na scoláirí. Ba cheart scoláirí a spreagadh chun taighde a dhéanamh ar ealaíontóirí a thugann spreagadh dóibh agus naisc dhíreacha a dhéanamh idir a gcuid oibre féin agus amharcstaidéar. Bíodh is go scrúdaíonn an Ardteistiméireacht, de réir a nádúir féin, gach scoláire ina n-aonar, moladh sna tuarascálacha go dtabharfaí isteach níos mó deiseanna le haghaidh foghlaim chomhoibríoch.

Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora

D'eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) [nóta faisnéise do thrí ábhar Ardteistiméireachta le sonraíochtaí ábhair nua](#) in 2024. Rinneadh athbhreithniú ann ar an obair chúrsa san Ealaín, sa Léann Clasaiceach agus sa Mhatamaitic Fheidhmeach toisc gur gnéithe nua nó gnéithe a ndearna

athbhreithniú nach beag orthu iad na comhpháirteanna sin i ngach ceann de na hábhair. Tugadh isteach i scoileanna iad in 2021 agus rinneadh scrúdú orthu den chéad uair in 2023. Cuireadh an nóta faisnéise ar fáil chun cabhrú le scoláirí agus múinteoirí agus iad ag gabháil don obair chúrsa seo. Ós rud é go bhfuil siad idirnasctha san Ealaín, rinneadh athbhreithniú ar an Obair Chúrsa Phraiticiúil agus ar an scrúdú scríofa araon.

Sonraíodh sa nóta faisnéise gur tháinig feabhas ar an obair nuair a phléigh na scoláirí leis an dá chomhpháirt mar chuid de thionscadal iomlán comhtháite, bunaithe ar an téama céanna sa treoir a eisíodh. Bhí tionscadail na scoláirí ní ba shaibhre freisin nuair a forbraíodh a gcuid oibre ar bhealach pearsanta, fiúntach agus suntasach, rud a léirigh a gcumas coincheapa agus smaointe a chur in iúl go físiúil. Léirigh go leor scoláirí go raibh tuiscint mhaith acu ar an raon ábhar agus teicnící araon a roghnaigh siad a úsáid ina nDialanna Físiúla agus ina saothar réadaithe. Mar thoradh ar an téama a roghnaíodh, rud a chuir ar chumas na scoláirí bunfhoinsí oiriúnacha agus suimiúla a aimsiú, rinneadh obair ní b'fhearr ar fud na gcéimeanna éagsúla de na scrúduithe freisin.

Os a choinne sin, mar thoradh ar úsáid foinsí tánaisteacha ag scoláirí mar bhunús dá gcuid oibre, níor ann don fhorbairt phearsanta, shaibhir agus fhiúntach sin. Mar thoradh ar úsáid raon níos leithne meán, bhí taighde ní ba shaibhre agus roghanna ní b'fhearr ann maidir le saothar réadaithe. Bhí tionchar an-mhaith ag an nasc idir tagairtí ábhartha ó Amharcstaidéar agus a gcuid oibre praiticiúla, bunaithe ar thaighde domhain na scoláirí, ar an obair seo agus chabhraigh sé le cruth níos fearr a chur ar na píosaí arna réadú. Bhí na píosaí sin i bhfad ní b'fhearr freisin nuair a léirigh na scoláirí eolas ar na gnéithe ealaíne agus ar phrionsabail deartha mar a leagtar amach sa tsonraíocht. Chomh maith leis sin, tugadh comhairle do na scoláirí dul i gcomhairle lena múinteoir faoin obair ar mian leo a chruthú agus a bheith ag pleanáil go héifeachtach, agus iad ag coinneáil i gcuimhne go raibh gá le dhá phíosa réadaithe.

Achoimre ar an gCuid seo

- Faigheann scoláirí eispéireas ar an Amharc-ealaín sa tSraith Shóisearach trí na trí shnáithe ealaín, ceardaíocht agus dearadh agus na gnéithe trasnacha Teanga chriticiúil agus amhairc, Líníocht, Cultúr amhairc agus léirthuiscint, Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (AEDP) agus na Meáin.
- In Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí, tá an bhéim leagtha ar ghníomhartha praiticiúla cruthaitheachta a dhéanamh chun féinmhuinín, fiosracht, samhlaíocht agus cruthaitheacht a fhorbairt mar aon leis an gcumas aghaidh a thabhairt ar réiteach fadhbanna san fhíorshaol. Foghlaimíonn scoláirí an chaoi le bheith ag obair go neamhspleách le himeacht ama agus foghlaimíonn siad faoi róil shaibhre agus éagsúla na healaíne, na ceardaíochta agus an deartha i sochaithe agus i gcultúir stairiúla agus chomhaimseartha.
- Tháinig an tsonraíocht reatha in 2019 in ionad shiollabas Ardteistiméireachta 1971, agus tá trí shnáithe inti: Taighde, Cruthú agus Freagairt. Tá gach snáithe ag brath ar na cinn eile agus tá siad idirnasctha agus tacaíonn siad leis an bpróiseas ealaíonta.
- Is tacaíocht don teagasc agus don fhoghlaim é an Creat Amharcstaidéir agus tá sé struchtúrtha timpeall ar 6 ghné: Comhthéacs, Ealaíontóirí agus Saothair Ealaíne, Anailís,

Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha, Meáin agus Réimsí Cleachtais, Nuálaíocht agus Fionnachtain.

- Trí chomhpháirt atá i struchtúr measúnaithe Ealaín na hArdteistiméireachta: Obair Chúrsa Phraiticiúil (tionscadal 12 sheachtaine); Scrúdú Praiticiúil (1 lá, scrúdú 5 uair an chloig); Scrúdú Scríofa.
- Fuarthas amach i dtuarascálacha cigireachta ROÓ gur áiríodh sna cleachtais dhearfacha a leanas: tacaíocht ó cheannairí scoile don Ealaín agus do scoláirí laistigh agus lasmuigh den scoil; rannóga ealaíne ag tacú lena gcuid scoláirí, ag cothú a gcuid cruthaitheachta, forbartha scileanna teicniúla agus folláine.
- Ar na ndúshlán a shainaithin Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna bhí an gá: le feabhas a chur ar úsáid leanúnach bunfhoinsí trí líníocht bhreathnaitheach; go bhforbróidh scoláirí a gcuid scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus criticiúla; go mbeadh Amharcstaidéar ní ba chomhtháite i bhfoghlaim phraiticiúil na scoláirí; agus go mbeadh deiseanna ann le haghaidh foghlaim chomhoibríoch.
- Fuarthas sa Nóta Faisnéise ó CSS go raibh píosaí Oibre Cúrsa agus Scrúdaithe Phraiticiúil na scoláirí ní ba shaibhre nuair is amhlaidh maidir lena gcuid oibre: forbraíodh ar dhóigh phearsanta, fhiúntach agus shuntasach í; léirigh siad tuiscint mhaith ar raon ábhar agus teicnící inti; bhí sí bunaithe ar rogha téama a raibh bunfhoinsí oiriúnacha agus suimiúla ann mar thoraidh air; bhí sí nasctha le tagairtí ábhartha don Amharcstaidéar; nuair a phléigh siad leis an dá chomhpháirt phraiticiúla mar chodanna de thionscadal comhtháite iomlán, bunaithe ar an téama céanna sa treoir a eisíodh.

Léargas ó chuartheanna ar scoileanna

Reáchtáladh cuairteanna scoileanna mar chuid den obair scópála don cháipéis eolais seo. Roghnaíodh sampla ionadaíoch ó 29 scoil a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh sna forbairtí ar churaclam na hEalaíne. Roghnaíodh sé scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna seo ar siúl i mí na Bealtaine 2025 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le 52 scoláire sa tsraith shinsearach, 11 mhúinteoir Ealaíne agus 7 gceannaire scoile. Sa chuid seo a leanas soláthraítear forléargas ar an léargas a bailíodh ó na cuairteanna sin.

Múinteoirí

Bhí múinteoirí ealaíne den tuairim gur cheart d'aon sonraíocht nua le haghaidh Ealaín na hArdteistiméireachta paisean don ábhar a chothú i measc na scoláirí agus grá fadsaoil don ealaín, don déanamh ealaíne agus don chultúr, agus do chuartheanna ar ghailearaithe/músaeim a chothú iontu. Ba cheart don ealaín scoláirí a spreagadh chun muinín a chothú, iad a ullmhú don saol oibre, a gcumas smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt, a léirtheiscint don ealaín a fhorbairt, agus cabhrú leo a bheith fiosrach faoin domhan mórthimpeall orthu. Caithfidh scoláirí ealaíne a bheith in ann triail a bhaint as an teicneolaíocht, na meáin agus feidhmchláir dhigiteacha san fhíorshaol agus ní mór conairí amach anseo a shainaithint ar a son. Feiceann na múinteoirí an Seomra Ealaíne mar thimpeallacht shuaimhneach agus tháirgiúil a chuireann le folláine na scoláirí.

D'aontaigh na múinteoirí leis na ceannairí scoile agus iad ag tacú leis an Ealaín trí thaispeántais d'obair na scoláirí agus trí rannpháirteachas i Rannpháirtíocht Chruthaitheach agus in imeachtaí nuálaíochta scoile áitiúla. Sonraíodh go ndéanann níos mó scoláirí bainearna ná fireanna staidéar ar an Ealaín mar ábhar don Ardteistiméireacht agus mhol roinnt múinteoirí go bhféadfaí cabhrú chun níos mó scoláirí fireanna a mhealladh trí úsáid a bhaint as ealaín dhigiteach agus beochan.

Luaigh múinteoirí go bhfuil curaclaim na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon ailínithe ar dhóigh níos fearr anois agus fáiltíonn siad roimh leagan amach comhchosúil na leabhrán scrúdaithe do gach ceann acu. Shonraigh múinteoirí go bhféadfadh sé a bheith deacair do scoláirí bunfhoinsí a thabhairt leo chuig an rang agus dár leo nach raibh an meas céanna ar shamhlaíocht na scoláirí ina scrúdú Ardteistiméireachta.

Meastar gur rud dearfach í comhpháirt na hOibre Cúrsa Praiticiúla (50%), ach dúirt múinteoirí go mbíonn tionchar ag fad na hoibre cúrsa ar an am teagaisc. Meastar gur dúshlán í an tréimhse oibre cúrsa a mhaireann 12 sheachtain a bhainistiú agus sonraíodh gur féidir le scoláirí a bheith cosantach agus cúramach faoina gcuid oibre, seachas triail a bhaint as rudaí eile. Moladh gurbh fhéidir leabhair sceitseála oscailte nó rud cosúil leo a dhéanamh dá nDialanna Físiúla chun aghaidh a thabhairt air sin. Luadh freisin gur bealach leis na brúnna ama a mhaolú é an treoir a eisiúint i Meán Fómhair na séú bliana chun níos mó ama a thabhairt do scoláirí a gcuid oibre a chríochnú.

Measadh gur cuid dhearfach den mheasúnú a bhí sa Scrúdú Praiticiúil 5 uair an chloig (20%), inár féidir le scoláirí díriú ar réimse cleachtais atá difriúil óna gCúrsa Praiticiúil. Measadh go raibh am go leor ann chun píosa oibre a chur i gcrích, agus gur athrú maith a bhí ann ón tionscadal níos faide, toisc gur measadh go raibh fócas ar chur i gcrích seachas ar chruthaitheacht ann. Luaigh

roinnt múinteoirí go bhféadfadh an chomhpháirt seo a bheith ar siúl beagán níos faide, bíodh sé ar feadh an lae scoile iomláin nó ar feadh dhá lá scoile.

Tá an Scrúdú Scríofa (30%) bunaithe ar an gcuid den tsonraíocht a bhaineann le hAmharcstaidéar. Bíodh is gur féidir go mbeadh deacracht ag baint le teanga scríofa na hEalaíne (tuiscint a fháil ar an téarmaíocht agus conas í a úsáid), mhothaigh múinteoirí go raibh sé tábhachtach do scoláirí í a bheith ar eolas acu, í a thuiscint agus í a úsáid chun saothair ealaíne a anailísiú, lena n-áirítear agus iad ag plé a gcuid smaointe/oibre féin nó smaointe/obair a gcomhscoláirí. Bíodh is gur aithníodh gur ábhar praiticiúil den chuid is mó í an Ealaín, measadh gur cheart an scrúdú scríofa a choinneáil, toisc go gceadaíonn sé do scoláirí a gcuid eolais a léiriú ar bhealach difriúil agus tugtar orthu tuairimí a cheapadh agus a chosaint ag baint úsáid as an bhfianaise ó shaothair ealaíne a ndearnadh staidéar orthu.

Dúirt na múinteoirí gur mó suim a bhíonn ag a gcuid scoláirí i dtréimhsí nua-aimseartha na hEalaíne. Tá an chuid den Amharcstaidéar “Domhan an Lae Inniu” níos oscailte agus cuireann sí plé le scoláirí chun cinn agus tugann sí deis chun foghlaim ó bheith ag obair le healaíontóirí áitiúla nó ó chuairt a thabhairt ar ghailearaithe/músaeim a úsáid. Mhol roinnt múinteoirí go bhféadfaí an t-ualú a laghdú go 20%; níor mhol aon duine acu, áfach, go rachadh sé os cionn 30%. I measc roinnt cuir chuige mhalartacha don Scrúdú Scríofa bhí: cuid de “Domhan an Lae Inniu” a scrúdú ag deireadh an chúigiú bliain faoi choinne 10%; nó roinnt marcanna a fháil trí scríobh faoina bpróisis phraiticiúla agus faoina saothar réadaithe; nó tionscadal taighde a chríochnú idir Meán Fómhair agus Nollaig, díreach sula dtosaíonn an Obair Chúrsa, ach bunaithe ar an téama céanna ó threoir CSS.

Tacaíonn formhór na múinteoirí leis an ualú 70:30 atá ann faoi láthair idir obair don scrúdú praiticiúil agus obair don scrúdú scríofa, toisc go bhfeiceann múinteoirí é sin mar léiriú macánta agus cuí ar an obair a bhfuiltear ag súil léi ó scoláirí. Bhí inní ann go mbeadh sé strusmhar do scoláirí déileáil le roinnt aighneachtaí nuair a bheadh tionscadail/CMBanna eile le déanamh. Luadh an deacracht a bhíonn ag scoláirí de réir cosúlachta le H1 a bhaint amach ar an Ardleibhéal, agus chomh maith le rás na bpointí, measadh go raibh sé sin ag cur bac ar roinnt scoláirí Ealaín a dhéanamh i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí.

Measadh gur gné an-dearfach de shonraíocht nua iad na Príomhinniúlachtaí. Measadh gur chuidigh sé go mór lena gcur i bhfeidhm an chaoi a n-oibríonn agus a bpléann múinteoirí agus scoláirí lena chéile laistigh den Seomra Ealaíne. Sonraíodh go mbíonn scoláirí i gcónaí ag smaoineamh agus ag réiteach fadhbanna i ngach céim den obair chomh maith le bheith cruthaitheach go nádúrtha agus go smaoiníonn siad ar conas smaointe agus mothúcháin a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh lena múinteoir agus lena gcomhghleacaithe sa rang. Tugadh faoi deara go n-oibríonn scoláirí le daoine eile i dtionscadail ghrúpa, agus trí fhéachaint ar imeachtaí domhanda agus iad a phlé tríd an Ealaín, go mbíonn scoláirí rannpháirteach sa tsochaí. Sonraíodh freisin go gcothaíonn an Ealaín folláine agus go bhfoghlaimíonn scoláirí conas a bhfoghlaim agus a bhféiniúlacht a bhainistiú trína gcuid Oibre Chúrsa sa séú bliain; agus go n-ullmhaíonn an Ealaín scoláirí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Chuir múinteoirí a n-inní in iúl faoi spás sa seomra ranga agus spás stórála (agus easpa spás stórála) i gcuid dá seomraí ranga, rud a fhágann go mbíonn sé deacair roinnt obair cheardaíochta a dhéanamh agus go gcuirtear bac ar spás stórála le haghaidh obair thionscadail/scrúdaithe. Chuir

siad in iúl freisin go raibh fonn orthu níos mó teicneolaíocht dhigiteach a bheith ar fáil don Ealaín i scoileanna.

Scoláirí

Is breá le scoláirí an tsaoirse a thugann taobh praiticiúil na hEalaíne dóibh. Is maith leo an raon leathan roghanna agus is maith leo a bheith in ann triail a bhaint as smaointe, ábhair agus teicnící éagsúla. Is bealach difriúil í an ealaín chun scileanna agus teicnící nua a fhoghlaim agus chun smaoinemh as an nua. Meastar gur rud dearfach é an t-ualú a thugtar leis na marcanna i bhfabhar na hoibre praiticiúla seachas na hoibre scríofa (70:30). Fágann sé sin go bhfuil an Ealaín difriúil ó ranganna eile, gur sos a bhíonn ann a mbíonn fáilte roimhe i dtimpeallacht an-shóisialta agus spráil.

Bhraith na scoláirí an nasc le hAmharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí agus thuig siad níos fearr a raibh foghlamtha acu ansin. Mar sin féin, mhothaigh siad mura mbeadh ealaín roghnaithe acu mar ábhar don tSraith Shóisearach go mbeadh teorainn leo sna scileanna agus sna teicnící a bhí de dhíth orthu a fhoghlaim roimh Ealaín na hArdteistiméireachta.

I gcás scrúdú na hOibre Cúrsa Praicticiúla, is maith le scoláirí gur féidir leo díriú ar phíosa a chruthú ina bhfuil níos mó ama ag teastáil uathu agus gur féidir leo pleanáil a dhéanamh do phíosa nach bhfuil chomh dian céanna don Scrúdú Praicticiúil 5 uair an chloig. Dúirt na scoláirí gur féidir an Obair Chúrsa Phraicticiúil a bhainistiú a luaith a choinníonn siad a gcuid ama agus a leanann a bpleananna. Measann cuid acu go bhfuil an Obair Chúrsa sách dian agus go mbíonn sé deacair orthu teicnící a fhorbairt i gceart nuair a bhíonn an oiread sin le déanamh. Mothaíonn roinnt scoláirí go mbíonn deifir orthu bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile dá gcuid oibre uaireanta agus bíonn sé deacair orthu í a chríochnú in am. Is fearr leo tréimhse níos faide ar an Obair Chúrsa, 15 seachtaine in ionad 12; bhí moltaí ann go bhféadfaí an treoir a eisiúint níos luaith i mí na Samhna nó fiú i mí Mheán Fómhair na séú bliana; agus go laghdófaí éileamh na hOibre Cúrsa. Shonraigh daoine áirithe go mbíonn roinnt spriocdhátaí ann ag an am céanna go minic le haghaidh ábhair eile, agus bíonn siad faoi strus dá bharr. Mar sin féin, cuirtear fáilte roimh 70% a bheith curtha i gcrích, le linn am ranga, roimh an scrúdú scríofa.

Nuair a bhí plé á dhéanamh ar an Amharcstaidéar, dhírigh na scoláirí ar riachtanais scrúdaithe i bhformhór a bhfreagraí. Bíonn léirthuisct ag na scoláirí don Amharcstaidéar mar go dtugann sé níos mó eolais dóibh mar spreagadh lena gcuid oibre féin. Bíonn léirthuisct acu gur cuid níos lú den chúrsa iomlán é mar, go ginearálta, is fearr leo na gnéithe is cruthaithí den chúrsa. Shonraigh na scoláirí go raibh sé tábhachtach tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcruthaítí saothair ealaíne san am atá thart agus go raibh sé tábhachtach a bheith in ann cuairt a thabhairt ar ghailearaí agus léirthuisct a bheith agat do shaothar atá ar taispeáint agus machnamh criticiúil a dhéanamh air. D'aontaigh siad go gcaithfidh siad a bheith in ann labhairt faoina gcuid oibre féin i gcomhthéacs gluaiseachtaí ealaíontóirí agus smaointe ón Ealaín a spreag iad. Tá easpa rólchuspaí baineanna ann agus meastar gur tábhachtach iad a áireamh i sonraíochtaí amach anseo.

Tá formhór na scoláirí i bhfabhar an scrúdú scríofa a choinneáil agus mhol siad go bhféadfadh ceist fhada amháin a bheith ann in ionad dhá cheann mar aon le roinnt ceisteanna gearra. Mar sin féin, dúirt líon an-bheag scoláirí gurbh fhearr leo gan scrúdú scríofa a bheith ann agus ina ionad sin go bhféadfaidís a thaispeáint cad a d'fhoghlaim siad faoi stair na healaíne trína gcuid oibre féin nó trí rud éigin a chruthú atá spreagtha ag tréimhse san am atá thart. Is deacair le cuid acu ealaín theibí a thuiscint ach san am céanna ba mhaith le daoine eile a bheith in ann gabháil isteach ina

stair níos mó. Go ginearálta, d'aontaigh siad gur leor dhá réimse ábhair a fhoghlaim, agus gur cuid den chúrsa a dtaitníonn leo dul i ngleic léi í “Domhan an lae inniu”. Dúirt siad freisin go bhféadfadh an scrúdú tabhairt orthu machnamh nó athbhreithniú a dhéanamh ar thaispeántais/gailearaithe ar thug siad cuairt orthu. Mhottaigh na scoláirí go raibh gá le níos mó béime a chur ar an gcomhtháthú idir teoiric agus cleachtas sa rang.

Bhí na scoláirí den tuairim go raibh tionchar teoranta ag an Intleacht Shaorga ar dhéantúsán fisiceach a chruthú. Shonraigh siad go gcuirfí na scoláirí i mbaol teipe dá mbeadh an iomarca spleáchais ann ar an Intleacht Shaorga agus gurb ionann aiste iomlán a ghintear le hintleacht shaorga a fhoghlaim agus foghlaim de ghlanmheabhair. Dúirt roinnt scoláirí nach raibh acmhainní go leor ag a scoileanna chun teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun saothair ealaíne a chruthú agus gur mhaith leo níos mó teicneolaíochta a fheiceáil sa rang. Bíodh is nach gné dhigiteach go sonrach í, moladh an ghrianghrafadóireacht mar rud ar cheart tacú léi mar fhoirm ealaíne, toisc go bhfuil rochtain uirthi trí theicneolaíocht fón póca agus gur bealach iontach í chun cumadóireacht agus solas a mhúineadh.

Agus iad ag machnamh ar bhunfhoinsí, thug cuid acu faoi deara gur féidir go gcuirfí teorainn lena gcuid samhlaíochta agus go múchfaí a gcuid cruthaitheachta dá ndíreofaí ar na foinsí sin agus, bíodh is go bhfuil sé riachtanach, gur féidir go mbeadh sé deacair ábhair/réada bunfhoinsé a aimsiú. Bhí siad ag iarraidh níos lú spleáchais ar bhunfhoinsí a fheiceáil agus dúirt siad go raibh sé tábhachtach tarraingt ar a samhlaíocht freisin.

Ceannairí scoile

Shonraigh ceannairí scoile a rathúla is a bhí Ealaíne na hArdteistiméireachta ina scoil agus na naisc dhearfacha leis an bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear dul i mbun oibre le healaíontóirí agus tionscadail áitiúla, á dhearbhu go dtugann gnéithe cruthaitheacha na hEalaíne níos mó rogha do scoláirí i ndiaidh na sraithe sóisearaí. Thug siad le fios an obair iontach a rinne a múinteoirí Ealaíne faoi gach cineál cúinse, ag tagairt don leibhéal ard caighdeáin san obair ealaíne timpeall na scoile a forbraíodh le haghaidh ócáidí amhail searmanais bronnta céime nó comórtais náisiúnta. Bhí ról lárnach ag a múinteoirí ealaíne i bhforbairt tionscadal áitiúil leis an bpobal agus le hiarscoláirí a thabhairt ar ais agus cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí labhairt/obair a dhéanamh sa seomra ranga.

B'ábhar imní do cheannairí scoile tacaíochtaí agus acmhainní do scoileanna; lena n-áirítear deacrachtaí maidir le rochtain ar ghléasanna digiteacha, a mheas cuid acu a bheith ní b'ábhartha ná leabhair. Maidir le Comhphárteanna Measúnaithe sa Bhreis (CMBanna), thagair ceannairí scoile do chur i bhfeidhm na CMBanna mar mhúnla comhchosúil agus ar an iomlán bhí siad dearfach faoi chuimsiú CMBanna, ag tabhairt faoi deara go n-éireoidís ina gcuid de shaol na scoile le himeacht ama. Bhí na ceannairí den tuairim go mbeadh fáilte roimh thásca soiléire maidir le hamlínte aighneachta agus treoirlínte do na CMBanna de réir mar a mhéadódh líon na CMBanna. Ag teacht leis na tuairimí a léirigh múinteoirí, bíonn imní ar cheannairí scoile faoin spás fisiciúil atá ag teastáil i seomraí ranga do scoláirí agus chun a gcuid oibre tionscadail agus scrúdaithe a stóráil.

Bhí imní ar cheannairí scoile go forleathan freisin faoi thionchar na hintleachta saorga (IS), go háirithe maidir le cothromas rochtana ar IS do gach scoláire ar fud chóras na scoile. Dúirt ceannairí scoile go bhfuil gá le treoirlínte soiléire do mhúinteoirí agus do scoláirí araon maidir le húsáid IS sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

Achoimre ar an gCuid seo

- D'aontaigh ceannairí scoile, múinteoirí agus scoláirí go léir go bhfuil gnéithe cruthaitheacha na hEalaíne ríthábhachtach don ábhar seo, go dtugann siad deis do scoláirí rogha a dhéanamh tar éis dóibh an tSraith Shóisearach a chríochnú. Is breá le scoláirí an obair phraiticiúil, an tsaoirse chruthaitheach agus gnéithe réitigh fadhbanna na hEalaíne.
- Thagair na trí ghrúpa freagróirí do scoileanna a bheith ag ceiliúradh an ábhair le taispeántais sa scoil agus tionscadail ealaíne áitiúla leis an bpobal.
- Is féidir le hobair thionscadail a bheith fairsing agus bíonn sé deacair ar roinnt scoláirí an tionscadal a chríochnú laistigh den amlíne. Bhí múinteoirí agus scoláirí den tuairim go bhféadfaí níos mó ama a thabhairt don Obair Chúrsa Phraiticiúil.
- Is féidir go mbeadh an téarmaíocht a úsáidtear sa Scrúdú Scríofa deacair do roinnt scoláirí. D'aontaigh múinteoirí agus scoláirí go bhfuil an scrúdú scríofa tábhachtach chun eolas agus tuiscint na scoláirí a thástáil trína dtuairimí a chur in iúl agus a chosaint. Moladh amháin a bhí ann ná go bhféadfaí cuid de na marcanna a úsáid i dtreo tionscadal taighde, a d'fhéadfaí a dhéanamh sa 5ú bliain, b'fhéidir. Thug cuid acu faoi deara gur cheart níos mó ealaíontóirí bainear a chuimsiú san Amharcstaidéar. Is rogha choitianta é Domhan an Lae Inniu do mhúinteoirí agus do scoláirí araon.
- Ba cheart aitheantas a thabhairt don ghrianghrafadóireacht mar fhoirm Ealaíne inti féin agus oiliúint a thabhairt isteach chun tacú léi.
- Bíonn imní ar cheannairí scoile agus ar mhúinteoirí faoi impleachtaí na hIntleachta Saorga (IS). Tá gá le cothromas rochtana do gach scoláire, agus treoirlínte agus oiliúint shoiléir do mhúinteoirí agus do scoláirí araon. Mar sin féin, ní raibh an oiread imní céanna ar na scoláirí faoi IS agus mheas siad go raibh a héifeachtaí teoranta dá gcuid oibre san Ealaín.
- Tríd is tríd, is fearr le múinteoirí agus le scoláirí an t-ualú 70:30 do na scrúduithe praiticiúla agus scríofa faoi seach.
- D'iarr múinteoirí go spreagfadh an tsonraíocht nua paisean agus grá fadsaoil do na healaíona agus don chultúr i measc scoláirí, chomh maith le taitneamh a bhaint as bheith ag tabhairt cuairt ar ghailearaithe agus ar mhúsaeim. Ba cheart go n-ullmhódh sí don saol oibre iad, agus go bhforbródh sí a smaointeoireacht chriticiúil agus a léirthuiscint don ealaín agus go gcuirfeadh sí ar a gcumas a bheith fiosrach faoin domhan mórthimpeall orthu.

Treochtaí idirnáisiúnta san oideachas Ealaíne

Sa chuid seo breithnítear tírdhreach an oideachais ealaíne go hidirnáisiúnta agus féachtar ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na hEalaíne mar a chuirtear ar fáil do scoláirí í san Ísiltír, in New South Wales, sa Nua-Shéalainn agus i Singeapór. Cumhdaítear go gairid inti ionad agus cuspóir an staidéir ar an Ealaín sa chéim shinsearach ar an meánscoil agus soláthraítear forléargas gairid ar inneachar an churaclaim agus an chaoi a ndéantar measúnú ar an ábhar.

An Ísiltír (VWO)

Leanann scoláirí sa mheánscolaíocht shinsearach san Ísiltír ceann amháin de thrí chonair (ó 12 bliana d'aois+): meánoideachas réamhghairme ceithre bliana (VMBO); gnáthoideachas meánscoile cúig bliana (HAVO) (a ullmhaíonn scoláirí le haghaidh ardoideachas gairmiúil/cúrsaí feidhmeacha de ghnáth); nó meánoideachas réamh-ollscoile sé bliana (VWO). Téann gach conair i dtreo na gcáilíochtaí VMBO, HAVO agus VWO faoi seach.

Díríonn an chuid seo ar an gconair réamh-ollscoile VWO. Tá staidéar ar [Ealaín agus Cultúr \(CKV\)](#) éigeantach do scoláirí a dhéanann VWO agus críochnaíonn sé le scrúdú scoile san ábhar. Tugadh isteach an [clár scrúdaithe CKV](#) reatha sa scoilbhliain 2017-18 leis an aidhm go gcuirfí ar chumas scoláirí eispéireas gníomhaíoch a fháil ar an ealaín, agus ceapadh le haghaidh 160 uair an chloig d'am teagmhála ranga é.

Féadfaidh scoláirí meánscoile sinsearach ábhar ealaíon a roghnú mar ábhar scrúdaithe roghnach don VWO freisin, m.sh. [VWO Ealaíne \(ginearálta\)](#); [VMO Ceoil](#); agus [VWO Líníochta, Ceardaíochta, Dearaidh Teicstíle](#). Tá na príomhchuspóirí agus na cláir scrúdaithe do na hábhair mheánscoile uile á [nuashonrú](#) faoi láthair. Foilsíodh dréacht-phríomhchuspóirí don réimse foghlama ealaíne agus cultúir (ar fáil in Ollainnis amháin) i mí na Samhna 2024 agus tá siad á dtástáil. Áiríodh sa tuarascáil chomhairleach ón athbhreithniú struchtúr ábhair coincheapa do na hábhair ealaíon a bhí mar thúsphointe don nuashonrú ar na cláir scrúdaithe.

Curaclam

Is é is aidhm do staidéar na hEalaíne agus an Chultúir (CKV) don VWO scoláirí a chumasú le heispéireas gníomhach a fháil ar an ealaín trí léiriú ealaíonta i gcomhthéacsanna gairmiúla fíorshaoil. Chun go mbeidh scoláirí in ann eispéireas gníomhach a fháil ar an ealaín, is é is aidhm don clár CKV dearcadh oscailte, cruthaitheach agus fiosrach a fhorbairt, chomh maith leis an eolas agus na scileanna riachtanacha. Is próiseas gníomhach, cuiditheach agus táirgiúil é glacadh agus machnamh ealaíne: le heispéireas a fháil agus machnamh a dhéanamh ar an ealaín, ní mór do scoláirí a bheith rannpháirteach go gníomhach, agus tiomantas agus cumas a bheith acu le heolas agus scileanna ábhartha a chur i bhfeidhm, agus mar phróiseas cruthaitheach, a mbíonn dearcadh oscailte agus fiosrach ag teastáil ina leith. Baineann CKV le healaín i mbrí leathan an fhocail – ealaín an lae inniu agus ealaín mar a bhíodh, mar atá inniu agus mar a bheidh sa todhchaí.

Áirítear sa chlár CKV réimse disciplíní ealaíne, lena n-áirítear na hamharcealaíona agus dearadh, damhsa, drámaíocht agus ceol, agus anois áirítear ailtireacht, scannánaíocht, meáin nua, amharclannaíocht agus meascán disciplíní ann freisin, agus spreagtar scoláirí chun an éagsúlacht sin a bhlaiseadh laistigh agus lasmuigh den scoil araon.

Tá ceithre réimse i gclár scrúdaithe VWO na hEalaíne agus an Chultúir (CKV):

- Réimse A: Fiosrú – déanann scoláirí cur síos ar a dtaithí féin ar ealaín, a gcuid spéiseanna ealaíonta, a n-eolas agus a dtuairimí ar ealaín, agus déanann machnamh orthu agus taifeadann an toradh ar bhealach doiciméadaithe.
- Réimse B: Leathnú – dírithe ar an gcaoi a gcuirtear ealaín i láthair agus an t-eispéireas inár linn féin agus ar ealaín lasmuigh de ‘chrios compoird’ na scoláirí, agus tugtar deis do scoláirí VWO machnamh a dhéanamh ar inneachar, foirm agus brí an léirithe i gceithre dhisciplín ealaíne ar a laghad. (Déanann scoileanna, múinteoirí agus scoláirí a roghanna féin ó na disciplíní.)
- Réimse C: Neartú – forbraíonn scoláirí an t-eolas agus na scileanna atá riachtanach chun go mbeidh siad in ann léirithe ealaíonta a iniúchadh ina gcomhthéacs féin. Baineann siad úsáid as an eolas ealaíne-teoiriciúil agus/nó cultúrtha-stairiúil a sealbhaíodh faoi Réimse B agus déanann siad anailís chriticiúil ar an eolas sin agus cuireann siad i gcomhthéacs é.
- Réimse D: Ceangal – déanann scoláirí ceangail idir na heispéiris agus na léargais a sealbhaíodh i réimsí A, B agus C maidir le próisis ealaíonta agus bíonn léirthuiscint acu dá thábhachtaí atá sé sin dá bhforbairt ealaíonta agus chultúrtha féin.

Níl aon líon socraithe gníomhaíochtaí cultúrtha ann a gcaithfidh scoláirí páirt a ghlacadh iontu chun na ceithre réimse a bhlaiseadh; is faoi scoileanna aonair atá sin. Meastar gur rud fíor-riachtanach é comhoibriú le hinstiúidí agus soláthraithe cultúrtha/oidhreachtá áitiúla (gailearaithe, músaeim, pictiúrlanna srl.), le healaíontóirí áitiúla, agus le soláthraithe náisiúnta amhail gailearaithe agus músaeim náisiúnta, chun CKV a theagasc agus a fhoghlaim.

Measúnú

Déantar measúnú ar Ealaín agus Cultúr sa VWO trí scrúdú scoile a bhaineann le Réimsí A-D den chlár scrúdaithe agus na spriocanna gnóthachtála réimse a ndéantar achoimre orthu anseo:

Is scrúdú suimitheach é an scrúdú scoile agus bíonn sé ar siúl den chuid is mó sa bhliain dheireanach den VWO. De ghnáth, bíonn dhá scrúdú nó níos mó i ngach ábhar i scrúduithe scoile; féadfaidh siad sin a bheith ó bhéal, praiticiúil nó scríofa. Is iad na scoileanna aonair a chinneann an clár measúnaithe (PTA) don scrúdú scoile (bunaithe ar threoirínte/an clár scrúdaithe ó SLO, institiúid na hÍsiltíre um fhorbairt curaclaim). Leagtar amach le PTA, mar shampla, tréimhse na bliana scoile ina ndéanfar teisteanna le haghaidh an scrúdaithe scoile; spriocanna gnóthachtála an chlár scrúdaithe a bhaineann leis an scrúdú scoile; achoimre ar an ábhar ar a bhféadfaí an scrúdú scoile a bhunú; formáid na teiste agus a fad ama; roghanna maidir leis an scrúdú scoile a dhéanamh athuair; méid na dteisteanna atá le cur san áireamh; agus an bealach a ríomhfar na marcanna.

De réir threoir SLO, áirítear in PTA maith méid teoranta teisteanna scrúdaithe scoile deiridh (suimitheacha), agus tá sé soiléir maidir le cad iad na spriocanna gnóthachtála agus fo-thascanna ón gclár scrúdaithe a ndéantar scrúdú orthu. Ceanglaítear ar scoileanna a siollabas scrúdaithe

scoile/PTA a chur faoi bhráid na Cigireachta, agus torthaí an scrúdaithe scoile a chur isteach chomh maith. Tar éis an chúrsa VWO faoi CKV faightear marc a áirítear sa chomh-mharc don VWO. Oibríonn an príomh-mhúinteoir an comh-mharc seo amach le haghaidh gach scoláire aonair, agus is ionann é agus meán na marcanna atá gnóthaithe ag scoláire sna scrúduithe scoile agus sna scrúduithe náisiúnta don VWO. Chun an Ardteistiméireacht a bhaint amach, de ghnáth ní mór do scoláirí meánmharc 5.5 a bhaint amach maidir le gach ábhar scrúdaithe. Bronntar marcanna ar scála ó 1 (an-lag) go 10 (ar fheabhas).

New South Wales

Bíonn scoláirí sa mheánoideachas sinsearach in New South Wales ag obair i leith Teastas Ardscoile (Higher School Certificate – HSC), de ghnáth thar dhá bhliain (Blianta 11 agus 12). Roghnaíonn scoláirí cúrsaí dá HSC atá ar aon dul lena n-inniúlachtaí, a spéiseanna agus a n-uailmhianta amach anseo, agus ní mór Blianta scoile 9 agus 10 a bheith curtha i gcrích acu go sásúil sula dtosaíonn siad ar an HSC. Is é is aidhm don HSC struchtúr solúbtha a chur ar fáil ina bhféadann scoláirí ullmhú d'oideachas agus d'oiliúint bhreise, d'fhostaíocht, agus do rannpháirtíocht iomlán agus ghníomhach mar shaoránaigh. Chun an HSC a bhaint amach go rathúil ní mór do scoláirí 12 aonad ar a laghad de Réamhchúrsaí a chríochnú (de ghnáth le linn Bhliain 11), agus 10 n-aonad de chúrsaí HSC (de ghnáth le linn Bhliain 12). Is ionann an chuid is mó de na cúrsaí HSC agus 2 aonad, agus tá thart ar 2 uair an chloig d'am ranga in aghaidh na seachtaine i gceist le gach aonad (60 uair an chloig in aghaidh na bliana).

Tá raon [Cúrsaí arna bhForbairt ag an mBord](#) (agus Cúrsaí arna bhFormhuiniú ag an mBord/Cúrsaí arna bhFormhuiniú ag an Inneachar [CEC]) sna healaíona cruthaitheacha ar fáil don HSC, lena n-áirítear Criadóireacht (CEC); Scileanna Saoil sna hEalaíona Cruthaitheacha; Damhsa; Scileanna Saoil sa Damhsa; Drámaíocht; Scileanna Saoil sa Drámaíocht; Ceol; Scileanna Saoil sa Cheol; Grianghrafadóireacht, Fís agus Íomháu Digiteach (CEC); Teicstílí agus Dearadh; Scileanna Saoil i dTeicstílí agus Dearadh; Amharcealaíona; Scileanna Saoil sna hAmharcealaíona; agus Dearadh Amhairc (CEC). Díríonn an chuid seo ar an gCúrsa/Siollabas HSC arna Fhorbairt ag an mBord sna hAmharcealaíona (Céim 6). Áirítear Cúrsaí arna bhFormhuiniú ag an mBord/Cúrsaí arna bhFormhuiniú ag an Inneachar (CECanna) le haghaidh an HSC, ach níl aon scrúdú HSC i gceist leo agus ní áirítear iad chun [Rangú Iontrála Treasaí na hAstráile \(Australian Tertiary Admission Rank\)](#) a ríomh.

Leis an [Siollabas HSC do na hAmharcealaíona](#) críochnaítear an contanam foghlama ón Naíscoil go Bliain 12 sna hAmharcealaíona. Tá staidéar na n-amharcealaíon éigeantach le linn na luathbhlianta seo agus, le linn Bhlianta 7-10, i dteannta an chúrsa éigeantaigh sna hAmharcealaíona, tá cúrsa roghnach ann lena gcuirtear staidéar níos leithne agus níos doimhne ar fáil sna hamharcealaíona. Leis an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a fhorbraítear sa chúrsa roghnach seo, cuirtear bunchloch láidir ar fáil do scoláirí a roghnaíonn staidéar na n-amharcealaíon i mBlianta 11-12.

Is féidir an t-eolas agus na scileanna a fhorbraítear sa chúrsa a chur i bhfeidhm thar raon gairmréimeanna, lena n-áirítear ealaíona agus seirbhísí áineasa, oideachas agus oiliúint, agus meáin faisnéise agus teileachumarsáid.

Curaclam

Is é is aidhm do shiollabas HSC na nAmharcealaíon é a chur ar chumas na scoláirí féinriar intleachtúil méadaitheach a fhorbairt maidir lena n-inniúlachtaí smaointe a léiriú ar bhealach aeistéitiúil agus áititheach sna hamharcealaíona; tuiscint a fháil ar an dóigh a bhfuil na hamharcealaíona faoi réir léirmhínte difriúla agus an luach atá leis sin a aithint; eolas, scileanna agus tuiscint a fhorbairt maidir le conas a d'fhéadfaidís a léirmhínte ar an saol a chur in iúl trí ealaín a dhéanamh ó dhearcadh eolach. Cuireann sé deis ar fáil do scoláirí a saothair ealaíne féin a fhorbairt, agus 'Baillúchán Saothair' déanta acu mar bhuaicphointe an chúrsa HSC. Glacann scoláirí páirt i bplé criticiúil agus staidéar stairiúil ar shaol na n-ealaíon, agus iad ag déanamh iniúchadh ar ealaíontóirí, saothair ealaíne, saolta agus luchtanna féachana ó raon dearchtaí cultúrtha, polaitiúla, stairiúla agus sóisialta, agus úsáideann iad sin le heolas a dhéanamh dá gcleachtais déanta ealaíne féin. Leis na hAmharcealaíona HSC forbraítear scileanna criticiúla na scoláirí freisin – anailís, machnamh, breithiúnas agus léirithuiscint do na hamharcealaíona ar fud an domhain, scileanna is féidir a chur i bhfeidhm i raon comhthéacsanna. Is é is aidhm don eolas, tuiscint, do na scileanna agus luachanna a fhaightear ón ábhar ná é a chur ar gcumas scileanna coincheapúla agus praiticiúla a fhorbairt a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm san ealaín, sa cheardaíocht, sa dearadh agus i ngairmí bainteacha eile, agus i gcomhthéacsanna fíorshaoil eile.

Freastalaíonn an cúrsa ar scoláirí ag a bhfuil raon leathan riachtanas, inniúlachtaí agus spéiseanna, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil staidéar déanta acu sa chúrsa roghnach i mBlianta 7-10, agus scoláirí eile a bhfuil taithí níos teoranta acu ar an ábhar. Déantar é sin trí dheiseanna foghlama atá bunaithe ar struchtúr solúbtha inneachair ina bpléitear:

- cleachtas – déanamh ealaíne; critic ealaíne agus stair na healaíne
- creat coincheapúil – samhail atá le húsáid ag na scoláirí chun foghlaim faoi ealaíontóirí, luchtanna féachana, saothair ealaíne agus an domhan, agus an dóigh a mbaineann siad sin lena chéile
- creatlacha – suibíachtúla, cultúrtha, struchtúrtha agus iar-nua-aoiseacha – a chuireann creataí difriúla fealsúnachta/teoirice agus léirmhínte ar fáil chun tuiscint a fháil ar shrathú brí, céille, luacha agus creidimh sna hamharcealaíona agus fúthu. Foghlaimíonn scoláirí conas dearchtaí a ghlacadh trí na creatlacha a úsáid agus iad ag dul i mbun a gcleachtais déanta ealaíne féin, agus ag plé le critic na healaíne agus stair na healaíne.

Leagtar cuspóirí an chúrsa amach maidir le déanamh ealaíne, critic na healaíne agus stair na healaíne laistigh den struchtúr inneachair ar a dtugtar breac-chuntas thuas.

I ngach bliain den chúrsa – Bliain 11, Réamhchúrsa agus Bliain 12 HSC – tá ualach staidéir tascach de 120 uair an chloig i gceist. Moltar go gcaitear 40% den am ar ealaín a dhéanamh agus na creatlacha agus an creat coincheapúil san áireamh; caitear 40% ar chritic na healaíne agus stair na healaíne agus na creatlacha agus an creat coincheapúil san áireamh; agus caitear an 20% den am atá fágtha ar aon ghné den inneachar de réir spéiseanna na múinteoirí agus na scoláirí.

Sa Réamhchúrsa, Bliain 11, díríonn scoláirí ar phríomhghnéithe agus príomhchoincheapa ar gá a bheith ar an eolas fúthu sna hamharcealaíona agus úsáid á baint as struchtúr an chleachtais, an chreata choincheapúil agus inneachair creatlach. Déanann siad saothair ealaíne in 2 fhormáid ar a

laghad; baineann siad úsáid as dialann phróisis; agus déanann siad iniúchadh leathan ar smaointe i gcritic na healaíne agus stair na healaíne. Sa chúrsa HSC, Bliain 12, díríonn scoláirí ar mhionstaidéir atá níos léirmhínithe agus ar chaidrimh trí struchtúr an chleachtais, an chreata choincheapúil agus inneachair creatlach. Forbraíonn siad bailiúchán saothair; baineann siad úsáid as dialann phróisis; agus déanann siad iniúchadh ar inneachair trí 5 chás-staidéar, ar a laghad, i gcritic na healaíne agus stair na healaíne. Le linn an chúrsa, forbraíonn scoláirí scileanna in úsáid teicneolaíochta comhaimseartha agus traidisiúnta araon sa chleachtas déanta ealaíne, agus i gcritic na healaíne agus stair na healaíne. D'fhéadfadh scannánaíocht/físeán, cruia-earraí agus bogearraí ríomhaire, trealamh priontaíochta, agus raon ábhar a úsáidtear sna foirmeacha léiritheacha a bheith san áireamh leis an raon teicneolaíochtaí.

Measúnú

Éilítear ar scoileanna [clár measúnaithe](#) a fhorbairt do gach chúrsa le linn Bhliain 11 agus 12. Tá an measúnú ar HSC na nAmharcealaíon le linn Bhliain 11 scoilbhunaithe – déanamh ealaíne agus critic na healaíne agus stair na healaíne. Le linn Bhliain 12, déantar measúnú scoilbhunaithe: forbairt bailiúcháin saothair (déanamh ealaíne), agus critic na healaíne agus stair na healaíne; chomh maith le scrúdú seachtrach: bailiúchán saothair (déanamh ealaíne) a chur isteach agus páipéar scríofa (critic na healaíne agus stair na healaíne). Maidir le measúnú scoilbhunaithe, úsáideann múinteoirí breithiúnas gairmiúil ar an iomlán le marcanna a thabhairt de réir an [Scála Chomhchoitinn Grád do Réamhchúrsaí](#).

Déantar an páipéar scrúdaithe scríofa do Bhliain 12 i gcritic na healaíne agus stair na healaíne laistigh 1 uair an chloig agus 30 nóiméad (agus 5 nóiméad breise ama léimh) agus áirítear 2 chuid ar comhluach leis. Áirítear le Cuid 1 3 cheist ghearrfhreagra. I gcuid 2, iarrtar ar scoláirí 1 cheist amháin a fhreagairt arna roghnú as 6 cheist phlé (2 cheist ar chleachtas, ar an gcreatlach coinceapúil agus ar chreataí faoi seach).

Forbraítear bailiúchán saothair na scoláirí (déanamh ealaíne) le linn an chúrsa HSC agus tá sé beartaithe lena dtuiscint ar dhéanamh ealaíne mar chleachtas a léiriú. Déantar é a scrúdú go seachtrach agus is féidir é a chur i dtoll a chéile i gceann amháin de 12 fhoirm léiritheacha: foirmeacha doiciméadaithe, cnuasach saothar, líníocht, péintéireacht, meáin ghrianghrafadóireachta, priontaíocht, teicstílí agus snáithíní, dearadh grafach, réadaí deartha, dealbhóireacht, criadóireacht, foirmeacha ambhunaithe. Maidir lena mbailiúchán saothair, roghnaíonn na scoláirí saothar amháin nó níos mó ag deireadh an chúrsa, agus cuireann siad isteach é/iad mar fhianaise ar a bhfuil ar eolas acu agus ar a bhféadann siad a dhéanamh i gcleachtas déanta ealaíne.

Baineann scoláirí úsáid as a ndialann phróisis agus iad ag forbairt a mbailiúcháin saothair. Féadfar a áireamh léi líníochtaí, péintéireachtaí, sceitsí, léaráidí anótáilte, nótaí agus smaointe, tráchtanna criticiúla agus machnaimh, grianghraif agus nótaí maidir le hábhar faoi chóipcheart a d'fhéadfadh a bheith úsáidte acu, agus is féidir í a bheith i bhformáid leabhair sceitseála, fillteáin, coimeádán le haghaidh saothair thríthoiseacha, CD ROM, DVD, comhaid ar mhéaróg chuimhne nó meascán díobh sin. Tá beartas forbartha ag Údarás um Chaighdeán Oideachais New South Wales (NESA) maidir le húsáid na hIntleachta Saorga (IS) i scoileanna, beartas a thagann faoi na rialacha reatha lena rialaítear ionracas agus macántacht acadúil agus úsáid ábhar agus foinsí tagartha seachtracha i saothar na scoláirí.

An Nua-Shéalainn

Is féidir le scoláirí sa Nua-Shéalainn staidéar a dhéanamh ar [na hAmharcealaíona](#) don Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA), an phríomhcháilíocht meánoideachais shinsearaigh atá ar fáil. Áirítear leis an hábhair Ealaíne eile atá ar fáil Ceol, Drámaíocht agus Damhsa atá fite fuaite leis na hAmharcealaíona, agus gach ceann acu ina mheascán de chruthaitheacht, smaointeoireacht chriticiúil, agus den fhéidearthacht luchtanna féachana a spreagadh agus inspioráid a thabhairt dóibh. I measc ábhair Ealaíon bhainteacha eile lena n-áirítear na hAmharcealaíona, tá Dearadh agus Cumarsáid Amhairc, Taibh-Ealaíona Maoracha, Staidéir na Meán, agus Stair na hEalaíne.

De ghnáth is faoi na scoláirí ar leith atá rogha an ábhair le haghaidh NCEA, teastas a bhaintear amach le linn na dtrí bliana deiridh den mheánoideachas (Blianta 11-13, aois 15-18, agus ar fáil ag Leibhéal 1, 2 agus 3). Maidir leo siúd a roghnaíonn na hAmharcealaíona, beidh staidéar déanta acu sna hEalaíona le linn blianta scoile roimhe sin mar cheann de [na hocht réimse foghlama i gCuraclam na Nua-Shéalainne](#). Áirítear creidiúintí sna hAmharcealaíona – go háirithe i réimsí na hEalaíne Praiticiúla Dearadh, Péintéireacht, Priontaíocht, agus Dealbhóireacht mar ábhar faofa le haghaidh NCEA agus Iontráil san Ollscoil (UE) sa Nua-Shéalainn, mar a dhéantar freisin le creidiúintí ó chúrsaí sa Damhsa, Drámaíocht, Dearadh agus sa Chumarsáid Amhairc, i Stair na hEalaíne, Staidéir na Meán, agus Staidéir an Cheoil mar ábhair fhaofa. Ní mór do scoláirí 14 chreidiúint a ghnóthú san ábhar ag Leibhéal 3 agus is ionann 1 chreidiúint amháin agus thart ar 10 n-uair an chloig ama foghlama (am ranga agus staidéar neamhspleách).

Le staidéar na nAmharcealaíon ag leibhéal an mheánoideachais shinsearaigh cuirtear céim aistir ar fáil isteach in oideachas na n-ealaíon agus cuirtear conaire ar fáil i leith theagasc na healaíne laistigh de thimpeallachtaí foghlama meánscoile agus tríú leibhéal mar ghairmréim. Tá an tacar sainscileanna a mhaireann ar feadh an tsaoil a fhorbraítear (m.sh. maidir le smaointe agus faisnéis a chur in iúl go soiléir agus go héifeachtach trí raon meán) ábhartha do raon leathan cúrsaí tríú leibhéal agus gairmeacha freisin, ó dhearadh grafach go bainistiú léiriúcháin, dearadh ábhair dhigitigh, caomhnú ealaíne, agus faisean agus teicstílí.

Curaclam

Sna hAmharcealaíona, déanann scoláirí meánscoile a gcuid smaointe ealaíonta féin a fhiosrú, a bheachtú agus a chur in iúl trí fhreagairt ar an dóigh a léiríonn ealaín féiniúlacht, cultúr, eitneacht, smaointe, mothúcháin, meonta, creidimh, dearchtaí polaitiúla agus dearchtaí pearsanta. Foghlaimíonn na scoláirí conas a ndomhan amhairc féin agus an domhan amhairc de chuid daoine eile a aithint, a cheiliúradh agus páirt a ghlacadh ann, agus inniúlacht sna hamharcealaíona a fhorbairt trí shaothair a chruthú agus freagairt orthu agus iad ag baint úsáid as fiosracht, comhoibriú, misneach, smaointeoireacht chriticiúil, agus cruthaitheacht. Baineann siad úsáid go muiníneach as próisis tháscacha agus thimthriallacha maidir le cleachtadh, roghnú, machnamh, eagarthóireacht, agus beachtú le léiriú ealaíonta nó bailiúchán saothair atá comhtháite agus líofa a chruthú agus, trí fhoghlaim conas gnásanna a shainaithint sna hamharcealaíona, faigheann scoláirí tuiscint ar an mbealach a gcuireann na gnásanna sin bríonna in iúl trí rún laistigh de chleachtas bunaithe.

Tá curaclam na nAmharcealaíon bunaithe ar shé ‘Smaoineamh Mhóra’ a chuireann, agus iad in éineacht le ‘Foghlaim Shuntasach’, [Maitrís Foghlama](#) ar fáil a fhéadann múinteoirí a úsáid mar uirlis

le cláir foghlama a chruthú lena gclúdaítear an fhoghlaím nach féidir a chailleadh in ábhar ar leith. Is é is Foghlaim Shuntasach ann ná foghlaim gur rithábachtach é a bheith ar eolas ag na scoláirí, go dtuigfidís é agus go gcuirfidís i gcrích é i dtaca le hábhar faoi dheireadh gach leibhéil curaclaim. Leis an bhfoghlaim sna hAmharcealaíona cuirtear comhthéacsanna ar fáil chun Príomhinniúlachtaí Churaclaim na Nua-Shéalainne a fhorbairt (smaoineamh; teanga, siombailí agus téacsanna a úsáid; daoine eile a thuiscint; féinbhainistiú; rannpháirtíocht agus rannpháirteachas).

Measúnú

I measúnú le haghaidh NCEA cuimsítear caighdeáin a mheasúnaítear go himmheánach agus go seachtrach, agus áirítear le measúnú ar chaighdeáin a mheasúnaítear go seachtrach scrúduithe, gníomhaíochtaí measúnaithe coitianta agus punanna saothair a chuirtear isteach. Maidir le gach réimse sna hAmharcealaíona – Dearadh, Péintéireacht, Grianghrafadóireacht, Priontaíocht agus Dealbhóireacht – tá trí leibhéal de chaighdeáin ghnóthachtála a mheasúnaítear go seachtrach. Is ionann gach réimse agus 14 chreidiúint, agus tá roinnt caighdeáin ghnóthachtála a mheasúnaítear go himmheánach i gceist leo freisin, arb ionann gach ceann acu agus 4 chreidiúint.

Maidir leis na caighdeáin ghnóthachtála a mheasúnaítear go seachtrach, déanann scoláirí punann fianaise arna treorú ag an scoláire atá ina phunann fhisiciúil 3 phainéal (clár fóilió) nó ina phunann dhigiteach d'íomhánna gluaisteacha, ina léirítear ceanglais an chaighdeáin. Maidir leis an dealbhóireacht, níl san fhianaise ach fianaise dhigiteach, ina bhfuil punann dhigiteach d'íomhánna socra nó punann dhigiteach d'íomhánna gluaisteacha. Cuirtear an fhianaise seo faoi bhráid Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) le haghaidh modhnóireacht sheachtrach. Ní mór do mhúinteoirí a dheimhniú gurb é an measúnú a chuirtear isteach obair bharántúil an scoláire aonair.

Ní mór do scoláirí úsáid IS giniúnaí i dtáirgeadh a bpunainne a nochtadh. Chuige sin, ní mór cuntas soiléir mionsonraithe a thabhairt ar an gcaoi ar comhtháthaíodh IS le cleachtas na nAmharcealaíon, lena n-áirítear na huirlisí, an ról (gnéithe amhairc a ghiniúint, cabhrú le comhdhéanamh, nó saothar ealaíne atá ann cheana a fheabhsú), agus tascanna sonracha a dhéanann IS, agus a mhéid a chuir IS leis an saothar ealaíne deiridh.

Singeapór

Is ardchúrsa meánscoile dhá bhliain é [Teastas Ginearálta Oideachais Ardleibhéil Shingeapór-Cambridge](#) (TGO A-Leibhéal), atá ailínithe go dlúth le curaclam scoile Shingeapór. Tá TGO A-Leibhéal san Ealaín ar fáil ag leibhéil A1, A2 agus A3. Díritear sa chuid seo ar TGO A-Leibhéal A2 san Ealaín. Is é 360 uair an chloig (180 uair an chloig le haghaidh Leibhéal A1 TGO A-Leibhéal) na huaireanta foghlama barúlacha le haghaidh cáilíochtaí Leibhéal A2.

Curaclam

Tá [siollabas Ealaíne TGO A-Leibhéil Ardleibhéil 2 \(A2\)](#) deartha chun staidéar domhain ar na hamharcealaíona a chur ar fáil do scoláirí, agus chun freastal ar raon leathan spéiseanna agus cumas. Leagtar béim ar ealaín a dhéanamh a bhaineann le réimse meán agus teicneolaíochtaí a úsáid, agus ar ról na healaíne i bhforbairt na smaointeoireachta criticiúla. Chomh maith le heispéiris phraiticiúla, déanann scoláirí ag an leibhéal seo iniúchadh freisin ar ghnásanna agus ar choincheapa ealaíon tríd an gcomhpháirt 'Staidéar ar na hAmharcealaíona', agus déanann siad

tuilleadh forbartha ar a scileanna amharclitearthachta, mar shampla amharcíomhánna a bhrath agus freagairt dóibh, agus anailís ar fhaisnéis amhairc.

Tá sé mar aidhm ag an siollabas: tuiscint agus léirthuiscint níos doimhne a chothú ar na hamharcealaíona laistigh de chomhthéacsanna sóisialta agus cultúrtha; tástáil agus nuálaíocht a spreagadh trí ábhair agus próisis a thaiscéaladh agus a úsáid go cruthaitheach; cur leis an inniúlacht ar úsáid phrionsabail na healaíne agus an deartha chun smaointe agus coincheapa a chur in iúl; scileanna criticiúla agus anailíseacha a fhorbairt trí thaighde, fiosrú agus cruthú saothar ealaíne; féinmhuinín agus braistint ghnóthachtála a chothú trí na hamharcealaíona a chleachtadh; agus an bhunchloch a leagan síos le haghaidh spéis ar feadh an tsaoil sna hamharcealaíona.

Tá an creat do shiollabas TGO A-Leibhéil A2 san Ealaín struchtúrtha thart ar thrí réimse iompraíochta: Braistint, Cumarsáid agus Léirthuiscint, ina gcuirtear san áireamh an ghné chognaíoch, shícealuail agus mhothaitheach. Eagraítear [torthaí foghlama do shiollabas TGO A-Leibhéil A2 san Ealaín](#) freisin faoi na trí réimse iompraíochta seo. Tá siad sin idirnasctha agus oibríonn siad go dinimiciúil:

- Braistint: freagraíonn na scoláirí d'íomhánna agus do réada amhairc agus déanann siad iad a léirmhíniú go híogair agus go faisnéiseach agus foghlaimíonn siad conas idirdhealú a dhéanamh agus ceangail a dhéanamh idir cáilíochtaí amhairc agus feiniméin éagsúla trí bhreathnóireacht agus anailís.
- Cumarsáid: cuireann na scoláirí a gcuid smaointe, eispéireas agus mothúchán in iúl i bhfoirmeacha amhairc, tadhlacha, béil nó liteartha, ag tarraingt ar smaointe, ag eagrú faisnéise, ag réiteach fadhbanna agus ag léiriú rúin agus cuspóra trí thaighde, fiosrú agus cruthú saothar ealaíne.
- Léirthuiscint: is mór ag scoláirí na hamharcealaíona mar mhodh cumhachtach léirithe; foghlaimíonn siad conas saothair ealaíne a rinne siad féin agus ealaíontóirí eile a mheas agus a léirthuiscint; agus tá siad in ann ceangal na n-amharcealaíon lena saol a fheiceáil agus léirthuiscint níos fearr a fháil ar a thábhacht i gcomhthéacs níos leithne an chultúir agus na sochaí.

Eagraítear ábhar siollabais TGO A-Leibhéil A2 san Ealaín faoi dhá chomhpháirt: Cleachtas Stiúideo agus Staidéar ar na hAmharcealaíona, ina gcuirtear leis na hinniúlachtaí a baineadh amach ag TGO Gnáthleibhéil agus a mheastar a bheith lárnach don oideachas iomlánaíoch ealaíne.

- Cleachtas Stiúideo: tugtar deis do scoláirí saothair ealaíne a chruthú agus cuirtear deiseanna ar fáil dóibh chun tuiscint oibre a fháil ar ghnéithe agus ar phrionsabail éagsúla ealaíne, trí úsáid a bhaint as raon leathan meán, agus trí thástáil a dhéanamh ar theicnící éagsúla sa chleachtas stiúideo. Sealbhaíonn scoláirí scileanna, mar shampla, taighde, tástáil agus fiosrú, forbairt smaointe, machnamh pearsanta agus meastóireacht sa phróiseas chun saothair ealaíne a chruthú.

- Staidéar ar na hAmharcealaíona: leagtar béim ar fhorbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla, mar shampla cur síos, anailís, léirmhíniú agus meastóireacht. Eagraítear an t-ábhar de réir dhá théama leathana:
 - Cuirtear creat leathan ar fáil sna hAmharcealaíona agus sna Léirithe chun mionstaidéar a dhéanamh ar fhoirm agus ábhar agus baineann siad le smaointe agus le coincheapa atá mar bhonn faoin léiriú físiúil. Áirítear ann na topaicí a leanas: Léirithe Réadúla; Léirithe Teibí; agus Léirithe na Meán Nua.
 - Baintear leas sna hAmharc-ealaíona agus sa tSochaí as réimsí éagsúla d'eispéireas an duine chun an ealaín a scrúdú mar chóras chun luachanna, reiligiúin agus tuairimí sóisialta a chur in iúl. Áirítear ann na topaicí a leanas: Maidir le Daoine; Maidir leis an tSochaí; agus Maidir le Cultúr.

Measúnú

Áirítear sa mheasúnú ar TGO A-Leibhéil A2 san Ealaín scrúdú seachtrach, arb ionann é agus 40% den mharc foriomlán, agus obair chúrsa arb ionann í agus an 60% eile.

Áirítear an méid seo a leanas sa scrúdú 3 uair an chloig (Páipéar 1) ar Staidéar na nAmharcealaíon:

- Roinn A: Dhá cheist struchtúrtha, agus spreagadh amhairc ag gabháil le gach ceann acu
- Roinn B: Dhá cheist chomparáide struchtúrtha, agus péire spreagthach amhairc ag gabháil le gach ceann acu
- Roinn C: Dhá cheist aiste.

Caithfidh scoláirí ceist amháin a fhreagairt i ngach cuid agus is iad seo a leanas na trí réimse measúnaithe a bhíonn ar an bpáipéar Staidéir ar na hAmharc-ealaíona: Braistint agus Léirmhíniú Ealaíne, Léirtheiscint Chultúrtha agus Aeistéitiúil, agus Freagairt Phearsanta.

Is é riachtanas na hoibre cúrsa saothar ealaíne curtha i gcrích a tháirgeadh, agus gan níos mó ná ocht mbileog A2 d'ullmhúchán a chur isteach mar fhianaise ar an bpróiseas oibre. Déantar measúnú inmheánach ar an obair chúrsa sna scoileanna agus déanann an t-údarás scrúdaithe modhnóireacht sheachtrach uirthi. Bíonn obair chúrsa ar siúl faoi ghnáthdhálaí staidéir sa seomra ranga, agus ní mór ráiteas ón teagascóir ábhair (a dtacaíonn príomhoide na scoile leis) a bheith ag gabháil le gach aighneacht, ag dearbhú gurb é obair bharántúil an scoláire é. Cuireann scoláirí píosa amháin d'obair chúrsa isteach agus roghnaíonn siad ó raon cineálacha, m.sh. Mínealaín (2T), Mínealaín (3T), Dearadh (2T), Dearadh (3T), Teicstílí/Snáithealaín, agus Meáin Dhigiteacha/Lionsa-bhunaithe.

Is iad seo a leanas na cúig réimse measúnaithe (is ionann gach ceann acu agus 20% de na marcanna atá ar fáil) a chuirtear i bhfeidhm ar pháipéar na hoibre cúrsa: Faisnéis a Bhailiú agus Mionstaidéar a Dhéanamh uirthi; Smaointe/Coincheapa a Fhiosrú agus a Fhorbairt; Cáilíochtaí Aeistéitiúla; Ábhair agus Próisis Theicniúla a Roghnú agus a Rialú; Freagairt Phearsanta. Grádaítear TGO A-Leibhéil san Ealaín (leibhéil A2) ó A-E, áit a bhfuil A ard, agus d'fhéadfaí áit a thairiscint ar chúrsa ollscoile do scoláire má éiríonn leis san A-Leibhéil.

Achoimre ar an gcuid seo

- **Am:**
Tugtar thart ar an méid céanna ama do na hábhair agus a thugtar d'Ealaín na hArdteistiméireachta: An Ísiltír (160 uair an chloig); New South Wales (120 uair an chloig); an Nua-Shéalainn (140 uair an chloig); and Singeapór (180 uair an chloig).
- **Aidhmeanna an Ábhair:**
I ngach dlínse, baineann aidhmeanna difriúla an churaclaim leis an úsáid a bhaintear as an teanga ann: cuirtear ar chumas na scoláirí taithí ghníomhach a fháil ar an ealaín agus dearcadh oscailte, cruthaitheach, fiosrach a fhorbairt, in éineacht leis an eolas, na scileanna agus an tuiscint riachtanach (an Ísiltír); foghlaimíonn na scoláirí conas smaointe a léiriú agus faoin tábhacht a bhaineann le léirmhínte éagsúla (New South Wales); leagtar béim ar a gcuid smaointe ealaíne féin a fhiosrú, a bheachtú agus a chur in iúl chun freagairt don chaoi a gcuirtear féiniúlacht agus peirspictíochtaí eile in iúl san ealaín (an Nua-Shéalainn); leagtar béim ar ealaín a dhéanamh a bhaineann le meáin agus teicneolaíochtaí éagsúla a úsáid (Singeapór).
- **Struchtúr agus Cuir Chuige an Churaclaim:**
Dírítear san Ísiltír ar chur síos a dhéanamh ar eispéireas na scoláirí trí na ceithre réimse shainitheanta seo a leanas: Fiosraigh, Leathnaigh, Neartaigh agus Ceangail. Leagtar béim in New South Wales ar 'Bailiúchán Saothar' a fhorbairt agus dul i mbun staidéar criticiúil/stairiúil ar ealaíontóirí agus ar shaothair ealaíne. Le curaclam na Nua-Shéalainne, forbraíonn scoláirí litearthacht sna hamharcealaíona agus a gcleachtas féin agus cruthaíonn siad bailiúchán saothair ealaíne atá comhtháite agus líofa. Déanann scoláirí Shingeapór iniúchadh ar ghnásanna agus coincheapa ealaíonta tríd an gcomhpháirt 'Staidéar ar na hAmharcealaíona'.
- **Cuir chuige i leith an Mheasúnaithe:**
Foghlaimíonn scoláirí na hÍsiltíre trí Cheithre Réimse, agus díritear sa mheasúnú ar na réimsí sin freisin, lena n-áirítear cur chuige a cheaptar go lárnach a leanúint maidir le measúnú scoilbhunaithe chun críoch náisiúnta, cé go bhfuil saoirse ag scoileanna na modhanna is fearr a oireann dóibh a roghnú. Sa bhliain dheireanach scoile, in New South Wales, déanann scoláirí measúnú scoilbhunaithe agus scrúdú seachtrach a bhaineann le hobair a chur isteach, a tháirgtear i gceann amháin de 12 fhoirm léiritheacha chomh maith le páipéar scríofa. Maidir le Singeapór, déantar measúnú ar scoláirí trí obair chúrsa, a mharcáiltear ar scoil ach a mhodhnaítear go seachtrach agus le scrúdú scríofa.
- **Comhoibriú seachtrach:**
Is fiú a lua go gcuirtear an rannpháirtíocht agus comhoibriú scoile le hinstiúidí cultúrtha áitiúla chun cinn agus go dtacaítear leo san Ísiltír.

- **Intleacht Shaorga:**
Forbraíodh beartais in New South Wales agus sa Nua-Shéalainn maidir le húsáid na hIntleachta Saorga (IS) i scoileanna, lena n-éilítear ar scoláirí an úsáid a bhaineann siad as IS giniúnach a nochtadh ina gcuid oibre.

Ceisteanna a bhfuil Machnamh le Déanamh Orthu

Leagtar amach sa chuid seo roinnt ceisteanna a bhfuil machnamh le déanamh orthu in athfhorbairt na hEalaíne. Tagann siad seo chun cinn as an gcineál ábhair atá ann, chomh maith le húsáid a bhaint as téamaí a tháinig chun cinn sna codanna roimhe seo den cháipéis eolais seo.

An chothromaíocht idir scileanna agus smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach

Mar a luadh roimhe seo, tugtar faoi deara i dtuairiscí cigireachta ROÓ go raibh an teagasc maidir le scileanna teicniúla san Ealaín a fhorbairt go maith i scoileanna. Mar sin féin, caithfear é seo a chomhcheangal le scoláirí atá ag foghlaim conas a gcuid scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus criticiúla a fhorbairt. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn scoláirí go mbíonn tionchar ag scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus criticiúla ar a gcuid roghanna agus ar a gcuid cinntí agus iad ag fágáil a riain féin, ag baint triail as na meáin agus teicnící, ag obair trí thionscadal agus ag forbairt nó fiú ag athfhorbairt a gcuid smaointe agus a gcuid oibre. Tá na scileanna teicniúla agus na scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus criticiúla fite fuaite ina chéile. Is tóraíocht intleachtúil í an ealaín mar aon le tóraíocht fhisiciúil, agus is féidir léi a bheith mothúchánach scaití.

Léiríonn CSS é sin freisin ina Nóta Faisnéise (2024), ina dtugtar faoi deara go raibh tionscadail na scoláirí ní ba shuibhre nuair a forbraíodh a gcuid oibre ar bhealach pearsanta, fiúntach agus suntasach, rud a léirigh a gcumas coincheapa agus smaointe a chur in iúl ó amharc. Tugadh faoi deara gur tháinig feabhas ar an obair nuair a phléigh na scoláirí leis an dá chomhpháirt mar chuid de thionscadal iomlán comhtháite, bunaithe ar an téama céanna sa treoir a eisíodh. Is anseo a chuir na scoláirí a gcuid scileanna teicniúla le chéile ar an mbealach is fearr, in éineacht lena smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil; d'fhéadfaidís féachaint ar an dá phíosa oibre cúrsa praiticiúla agus scrúdaithe mar chuid de phíosa iomlán bunaithe ar an aon téama amháin, seachas mar phíosaí ar leith.

An Teicneolaíocht Dhigiteach san Ealaín agus an Intleacht Shaorga

Ní bhaintear úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach i scoileanna d'Ealaín na hArdteistiméireachta go forleathan. Baineadh úsáid aisti chun grianghraif a ghlacadh ar láithreacha mar *aide mémoire* nó chun cabhrú le leagan amach a shocrú do phéintéireacht atá curtha i gcrích. Baineadh úsáid níos forleithne aisti freisin chun saothar, mar shampla, físeán/scannán a chruthú, ina mbítear ag brath níos mó ar an teicneolaíocht dhigiteach le linn an phróisis. D'fhéadfadh sé go mbeadh cur amach níos fearr ag scoláirí ar úsáid na teicneolaíochta i gcásanna laethúla ach fós féin éilítear cúnamh óna múinteoirí Ealaíne maidir lena húsáid chun saothair ealaíne a chruthú. Chuir múinteoirí agus scoláirí araon in iúl gur mian leo rochtain níos fearr a fháil ar an teicneolaíocht dhigiteach chun saothair ealaíne a chruthú. Luaigh ceannairí scoile gur mó an t-éileamh anois ar ghléasanna digiteacha ná téacsleabhair fhisiciúla.

Déanann Comhairle Chomhairleach IS trácht ar úsáid IS san oideachas ar bhonn níos leithne in Éirinn ina bpáipéar i mí Feabhra 2025, [Páipéar Chomhairle Chomhairleach IS - Feabhra 2025 - IS agus an tOideachas](#). Luaitear na tairbhí agus na dúshláin a bhaineann le húsáid IS ar fud na n-earnálacha oideachais uile sa pháipéar sin. Mar a thug an tAire faoi deara, tá [treoirlínte do na hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile](#) á leagan síos ag an Roinn Oideachais agus Óige. Tá tobar acmhainní ag Oide, Teicneolaíocht san Oideachas freisin chun cabhrú le scoileanna maidir le

IS, a chuirtear i dtoll a chéile faoina [Mol IS i Scoileanna](#). Mar a luadh thuas, tá beartais forbartha ag New South Wales agus ag an Nua-Shéalainn maidir le húsáid na hIntleachta Saorga (IS) i scoileanna.

Grianghrafadóireacht

Is cúrsa aitheanta neamhspleách í an ghrianghrafadóireacht cheana féin i ndlínsí New South Wales agus na Nua-Shéalainne. Le linn na gcúairteanna a tugadh ar scoileanna agus an páipéar seo á ullmhú, luaigh múinteoirí agus scoláirí araon gur mhaith leo níos mó úsáide a bhaint as an ngrianghrafadóireacht le haghaidh taighde agus mar shaothair ealaíne réadaithe astu féin. Ó lár an 19ú haois nuair a cumadh í, d'fhorbair an ghrianghrafadóireacht ó mhodh chun an domhan agus an tsochaí timpeall orainn a dhoiciméadú go dtí an fhóta-iriseoireacht; idir imeachtaí stairiúla a ghabháil agus chuimhneachán a dhéanamh ar ghnóthaí an tsaoil; idir úsáid léiritheach na n-ealaíontóirí agus bhealaí nua chun an domhan agus an riocht daonna a fheiceáil; idir a bheith faisnéiseach, thionchar á imirt ort agus mhífhaisnéis a chruthú. Tháinig forbairt ar an ngrianghrafadóireacht freisin, ó phróiseas láimhe go ceann a d'fhéadfadh a bheith an-digiteach agus atá ar fud an domhain anois trí úsáid na bhfón póca. Mar sin féin, bheadh roinnt acmhainní ag teastáil chun rochtain a fháil ar cheamaraí, ar bhogearraí digiteacha, srl.

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le haird ar leith a thabhairt ar úsáid na grianghrafadóireachta le haghaidh na hEalaíne agus istigh inti ag scoláirí. Mar a thug Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi deara, is féidir róspleáchas a bheith ann ar ghrianghraif seachas ar bhunfhoinsí. Bhainfeadh scoláirí níos mó tairbhe as rannpháirtíocht fhiúntach le bunfhoinsí fisiciúla ó thús a gcuid staidéir.

Bunfhoinsí

Mar a shainmhínítear i [sonraíocht churaclaim Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí](#), foinsí fisiciúla nó coincheapúla atá sna bunfhoinsí, a mbreathnaítear orthu ina staid bhunaidh agus nach scagtar trí léirmhíniú duine eile orthu. Tugtar le fios san aiseolas ó scoláirí go bhféadann sé a bheith an-deacair orthu réada agus ábhair bhunfhoinsí fisiciúla, a bhfuil dáimh acu leo, a thabhairt isteach chun a bheith ag obair leo. Thug múinteoirí an deacracht seo faoi deara, ach cuireann siad ina luí ar scoláirí fós gurb é an chúis atá leis ná go mbeidh a gcuid oibre níos saibhre mar thoradh air sin. Príomh-mholadh i gcuid de thuarascálacha cigireachta ábhair de chuid Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna ba ea feabhas a chur ar úsáid chomhsheasmhach na mbunfhoinsí, mar shampla, réada fíorshaoil agus líníocht bhreathnaitheach, mar bhunús d'obair na scoláirí ar an gcúis chéanna sin.

Is gá cabhrú le múinteoirí agus le scoláirí a bheith níos cruthaithí maidir lena ndearcadh ar conas bunfhoinsí a úsáid. Nuair a dhéantar fiosrú agus tástáil ar na meáin agus ar theicnící, is féidir le bunfhoinsí a bheith sárluachmhar agus tugtar neart deiseanna don scoláire iniúchadh a dhéanamh san fhíor-am dá bharr sin. Is mar sin a bhítear ag foghlaim i ndáiríre agus mar a thacaítear lena bhforbairt mar ealaíontóirí iad féin.

Amharcstaidéar

Chuir na scoláirí an méid ba mhó spéise sa chuid den Amharcstaidéar dar teideal “Domhan an lae inniu”, ina bpléitear an ealaín chomhaimseartha agus smaointe comhaimseartha, agus bhain siad an méid ba mhó taitnimh as. Dúradh gur ceadaíodh plé níos oscailte sa seomra ranga dá bharr, i

gcomparáid leis an dá chuid eile “An Eoraip agus an domhan mór” agus “Éire agus a háit sa domhan mór”, ina bpléitear le tréimhsí stairiúla agus saothair ealaíne níos seanbhunaithe. Mar sin féin, thuig na scoláirí an tábhacht a bhaineann le foghlaim faoi sin mar chuid den chúrsa. Luaigh múinteoirí go bhféadfadh sé a bheith deacair ar dtús do scoláirí an téarmaíocht a fhoghlaim, a úsáidtear chun ealaín a phlé, ach gur chabhraigh an tAmharcstaidéar leo an t-ábhar a thuiscint trí lionsa atá iomlán difriúil. Mhol scoláirí agus múinteoirí araon bealaí eile chun an tAmharcstaidéar a athstruchtúrú. Mar shampla, chuir na scoláirí in iúl gur mhaith leo go mbeadh an tAmharcstaidéar níos comhtháite leis an taobh praiticiúil den chúrsa chomh maith.

Tugadh faoi deara freisin gur cheart go n-áireofaí in ábhar praiticiúil speisialaithe, ar nós na hEalaíne, gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an ealaín, mar shampla, oibriú le healaíontóir/grúpa ealaíne áitiúil, nó cuairt a thabhairt ar ghailearaí nó músaem.

Achoimre ar an gCuid seo

- Tá gá le fócas, nuair a bhaintear cothromaíocht amach idir scileanna teicniúla agus scileanna smaointeoireachta criticiúla agus cruthaithí chun tacú le foghlaim an scoláire.
- Is den tábhacht a aithint sa tsonraíocht nua gur gá tacú le húsáid na teicneolaíochta digití san Ealaín mar chuid den phróiseas agus chun táirge a chruthú.
- Ní mór saincheisteanna eiticiúla agus dlíthiúla, chomh maith leis na héifeachtaí a d'fhéadfaí a imirt ar fhoghlaim, ar chruthaitheacht agus ar smaointeoireacht an scoláire a chur san áireamh agus an Intleacht Shaorga á húsáid ag múinteoirí agus ag scoláirí.
- Is féidir go mbíonn an ghrianghrafadóireacht le feiceáil ar fud na sochaí ach d'fhéadfadh sé nach gcuirfí scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus criticiúla i bhfeidhm maidir leis an méid a tháirgtear, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh inti ach taifead feidhmiúil oibre don scoláire. D'fhéadfaí í a aithint mar fhoirm ealaíne inti féin.
- Ní mór na saincheisteanna a bhaineann le bunfhoinsí a mheas ar bhealach ina n-éiríonn an tábhacht a bhaineann lena n-úsáid níos soiléire do scoláirí.

Treoir don athbhreithniú ar an Ealaín

Bhunaigh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoin tasc a bhaineann le sonraíocht curaclaim a athfhorbairt le haghaidh Ealaín na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, comhaontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na teorach atá leagtha amach thíos.

Dearadh an treoir seo chun bonn a chur faoi athfhorbairt Ealaín na hArdteistiméireachta. Cé go dtagann an treoir ón bpríomhléargas agus ó na príomh-shaincheistean atá le meas agus a sainiú sna codanna roimhe seo den pháipéar seo, treoraítear í freisin leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí d'ábhair uile Thráinse 4 ([Aguisín 1](#)).

Beidh an tsonraíocht scoláire-lárnaithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Beidh sí ar fáil ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad, atá comhaontaithe ag an gComhairle, le haghaidh sonraíochtaí curaclaim mar a leagtar amach in [Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha](#) (CNCM, 2023). Beidh Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí leabaithe sna torthaí foghlama.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích faoin dara ráithe de 2027.

Go sonrach, tabharfar aghaidh i bhforbairt na sonraíochta nua i gcomhair na hEalaíne ar an méid seo a leanas:

- go mbeadh an réasúnaíocht sa tsonraíocht chun staidéar a dhéanamh ar Ealaín na Sraithe Sinsearaí trédhearcach agus soiléir do scoláirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí agus í a ailíniú ag an am céanna leis na treoirphrionsabail agus leis an bhfís d'oideachas na sraithe sinsearaí
- scileanna teicniúla agus scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt le chéile chun tacú le cruthaitheacht, nuálaíocht agus cruthú eolais na scoláirí
- paisean a chothú don Ealaín, lena n-áirítear taitneamh, spéis agus grá ar feadh an tsaoil a fhorbairt don chultúr, d'institiúidí cultúrtha, don ealaín agus do dhéanamh ealaíne
- scileanna bunaithe ar fhiosrú, ar smaointeoireacht deartha agus ar réiteach fadhbanna a chur san áireamh chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'athléimneacht scoláirí agus dá gcuir chuige i leith a gcuid oibre
- conas is féidir le scoláirí a gcuid oibre agus foghlama a fhorbairt ar bhealach chomh pearsanta, fiúntach agus suntasach agus is féidir

- foghlaim agus tuiscint na scoláirí ar chleachtais fhreagracha agus inbhuanaithe agus iad i mbun taighde agus ag cruthú a gcuid saothar ealaíne féin
- an tAmharcstaidéar a chomhtháthú a thuilleadh le heispéiris na scoláirí ar shaothar praiticiúil, agus ceangail a spreagadh le healaíontóirí spreagúla nó le healaíontóirí a bhfuil dlúthbhaint ag a saothar/smaointe le saothar an scoláire
- deiseanna iomadúla, éagsúla agus iomchuí measúnaithe a chur ar fáil do scoláirí lena mbaint amach
- leanúnachas leis an bhfoghlaim ón tSraith Shóisearach agus dul chun cinn i dtreo na foghlama amach anseo sa staidéar agus san obair
- a bheith scoláire-lárnaithe ó thaobh úsáid agus sainréim theanga de, agus béim shoiléir á leagan ar an méid is féidir le scoláirí a fhoghlaim chun a gcuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt agus a léiriú.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an treoir seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus pointí eile a chur leis an treoir.

Tagairtí

A Head Start (2025). *How NCEA Works* [ar líne]. Ar fáil:

<https://www.aheadstart.co.nz/tuition/secondary-school-students/how-ncea-works> (rochtain ar an 10 Meitheamh, 2025).

Clár 'Éire Ildánach' (2023). *An Plean Óige Ildánach 2023-2027* [ar líne]. Ar fáil:

<https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2023/03/Creative-Youth-Plan-2023-2027.pdf> (rochtain ar an 21 Iúil, 2025).

Clár 'Éire Ildánach' (2024). *Treochlár don Chruthaitheacht Dhigiteach (2024-2026)* [ar líne]. Ar fáil:

https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2024/01/CI_Creative_Industries_Roadmap_23_Screen_AW-3.pdf (rochtain ar an 25 Iúil, 2025).

Clár 'Éire Ildánach' (2024). *An Chruthaitheacht a Spreagadh, Tuairisc maidir le Dul Chun Cinn, 2024* [ar líne]. Ar fáil:

<https://www.creativeireland.gov.ie/en/about/> (rochtain ar an 21 Iúil, 2025).

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (2012).

Cairt na nEalaíon san Oideachas [ar líne]. Ar fáil: <https://artsineducation.ie/wp-content/uploads/Arts-In-Education-Charter1.pdf> (rochtain ar an 2 Meitheamh, 2025).

An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (2019). *An Plean Gníomhaíochta Closamhairc - Colún 4 den Chlár Éire Ildánach* [ar líne]. Ar fáil:

<https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/audiovisual-action-plan.pdf> (rochtain ar an 25 Iúil, 2025).

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Sonraíocht Churaclaim Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí* [ar líne]. Ar fáil:

<https://www.curriculumonline.ie/getmedia/a5e1d208-4550-4745-a9b4-177effcd1ee/Specification-for-Junior-Cycle-Art.pdf> (rochtain ar an 15 Iúil, 2025).

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). *Ráiteas Polasaí um Oideachas ETIM, 2017-2026* [ar líne]. Ar fáil:

<https://assets.gov.ie/static/documents/stem-education-policy-statement-2017-2026-8dec26e8-5319-4138-a045-c90c71e633cb.pdf> (rochtain ar an 24 Iúil, 2025).

An Roinn Oideachais (2022). *Preaseisiúint: Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú*

Oideachas na sraithe sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách [ar líne]. Ar fáil ar:

<https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/preaseisiuinti/f%C3%B3gra%C3%ADonn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athch%C3%B3iri%C3%BA-oideachas-na-sraithe-sinseara%C3%AD-cothromas-agus-s%C3%A1rmhaitheas-do-ch%C3%A1ch/> (rochtain ar an 6 Meitheamh, 2025).

An Roinn Oideachais (2024). *Preaseisiúint: Gealltanais tugtha ag an Aire Foley treoirlinnte a bhunú*

maidir le húsáid IS [ar líne]. Ar fáil: <https://www.gov.ie/ga/an-roinn->

[oideachais/preaseisiuinti/gealltanais-tugtha-ag-an-aire-foley-treoir%C3%ADnte-a-bhun%C3%BA-maidir-le-h%C3%BAs%C3%A1id-is/](#) (rochtain ar an 1 Lúnasa, 2025).

An Roinn Oideachais (2022). *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027* [ar líne]. Ar fáil: <https://assets.gov.ie/static/documents/digital-strategy-for-schools-to-2027.pdf> (rochtain ar an 24 Iúil, 2025).

An Roinn Oideachais (2022). *OFI go 2030: An Dara Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe* [ar líne]. Ar fáil: <https://assets.gov.ie/static/documents/second-national-strategy-on-education-for-sustainable-development-esd-to-2030-ad1ca48f.pdf> (rochtain ar an 28 Iúil, 2025).

An Roinn Oideachais (2022). *OFI go 2030: Plean Cur Chun Feidhme 2022–2026* [ar líne]. Ar fáil: <https://assets.gov.ie/static/documents/esd-to-2030-implementation-plan-20222026.pdf> (rochtain ar an 28 Iúil, 2025).

An Roinn Oideachais (2023). *Preaseisiúint: Fáiltíonn an tAire Foley roimh na céadta scoil bhreise chuige Cnuasaigh Chruthaitheacha agus clár ealaíona BLAST* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/preaseisiuinti/f%C3%A1ilt%C3%ADonn-an-taire-foley-roimh-na-c%C3%A9adta-scoil-bhreise-chuige-cnuasaigh-chruthaitheacha-agus-cl%C3%A1r-eala%C3%ADona-blast/> (rochtain ar an 22 Iúil, 2025).

An Roinn Oideachais agus Óige (2025). *Sonraíocht Churaclaim Ealaín na hArdteistiméireachta* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/art/> (rochtain ar an 20 Meitheamh, 2025).

An Roinn Oideachais agus Óige (2025). *Suíomh gréasáin: Cuardaigh Tuairiscí Scoile* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.gov.ie/ga/tuairisci-scoile/> (rochtain ar an 14 Iúil, 2025).

An Roinn Fiontar, Trádála agus Earcaíochta (2025). *Páipéar Chomhairle Chomhairleach IS - Feabhra 2025 - IS agus an tOideachas* [ar líne]. Ar fáil: <https://enterprise.gov.ie/en/publications/publication-files/ai-advisory-council-ai-on-education-paper.pdf> (rochtain ar an 1 Lúnasa, 2025).

An Coimisiún Eorpach. Eurydice (2023). *Eurypedia: An Ísiltír Assessment in General Secondary Education (HAVO, VWO)* [ar líne]. Ar fáil: <https://eurydice.eacea.ec.europa.eu/eurypedia/netherlands/assessment-general-secondary-education-havo-vwo> (rochtain ar an 15 Meitheamh, 2025).

Rialtas na hÍsiltíre (níl aon dáta). *Senior General Secondary Education (HAVO) and Pre-university Education (VWO)* [ar líne]. Ar fáil: [Senior general secondary education \(HAVO\) and pre university education \(VWO\) | Secondary education | Government.nl](#) (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

Ministry of Education (2025). *The Arts: Na hAmharc-ealaíona* [ar líne]. Ar fáil: <https://ncea.education.govt.nz/arts/visual-arts?view=learning> (rochtain ar an 10 Meitheamh,

2025).

Ministry of Education (gan dáta). *NCEA Level 1. Visual Arts - Curriculum Level 6: Learning Matrix* [ar líne]. Ar fáil: <https://ncea-live-3-storage-stack-53q-asset-storage-s3bucket-2o21xte0r81u.s3.amazonaws.com/s3fs-public/2024-12/VA%20Learning%20Matrix.pdf?VersionId=Wmb3umRvhMRRiuaoXXiT4lnNK31QhEFC> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

Ministry of Education (gan dáta). *Resources for Internally Assessed Achievement Standards. The Arts: Na hAmharc-ealaíona* [ar líne]. Ar fáil: <https://ncea.tki.org.nz/Resources-for-internally-assessed-achievement-standards/The-arts/Visual-arts> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

Ministry of Education (MOE) (2025a). *A Level Curriculum and Subject Syllabuses* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.moe.gov.sg/post-secondary/a-level-curriculum-and-subject-syllabuses#:~:text=Some%20examples%20of%20subjects%20in%20each%20domain%20are%3A,Biology%20Chemistry%20Computing%20Mathematics%20Physics%20Principles%20of%20Accounting> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

Ministry of Education (MOE) (2025b). *National Examinations Dates* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.moe.gov.sg/national-exams-dates> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

MOE & UCLES (2023). *Singapore–Cambridge General Certificate of Education Advanced Level Higher 2 (2025) Art (Syllabus 9750)* [ar líne]. Ar fáil: https://www.seab.gov.sg/files/A%20Level%20Syllabus%20Sch%20Cddts/2025/9750_y25_sy.pdf (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

Curaclam Ar Líne CNCM (2025). *Ábhair na Sraithe Sinsearaí: Ealaín* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/art/> (rochtain ar an 10 Meitheamh, 2025).

Curaclam Ar Líne CNCM (2022). *Tuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach* [ar líne]. Ar fáil: https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf (rochtain ar an 16 Iúil, 2025).

CNCM (2023). *Suíomh gréasáin: Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaí d'ábhair agus do mhodúil sa tSraith Shinsearach athfhorbartha* [ar líne]. Ar fáil: https://ncca.ie/media/6540/technical_form_curriculum_specifications_for_subjects_and_modules_in_a_redeveloped_senior_cycle.pdf (rochtain ar an 12 Meitheamh, 2025).

Rialtas New South Wales (2025a). *About the HSC* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.nsw.gov.au/education-and-training/nesa/hsc/about-hsc> (rochtain ar an 15 Meitheamh, 2025).

Rialtas New South Wales (2025b). *Choosing HSC Subjects* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.nsw.gov.au/education-and-training/nesa/hsc/subject-selection> (rochtain ar an 15 Meitheamh, 2025).

Rialtas New South Wales (2025c). *Cúrsaí HSC* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.nsw.gov.au/education-and-training/nesa/hsc/subject-selection/courses> (rochtain ar an 15 Meitheamh, 2025).

Rialtas New South Wales (2025d). *Use of Artificial Intelligence by Students* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.nsw.gov.au/education-and-training/nesa/hsc/rules-and-procedures/artificial-intelligence#toc-advice-for-students> (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

Rialtas New South Wales (2025e). *Visual Arts 11-12* [ar líne]. Ar fáil: https://education.nsw.gov.au/teaching-and-learning/curriculum/creative-arts/planning-programming-and-assessing-creative-arts-11-12/visual-arts-11-12#tabs_2_copy1 (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

NSW Education Standards Authority (NESA) (2024a). *Assessment and Reporting in Visual Arts Stage 6* [ar líne]. Ar fáil: <https://educationstandards.nsw.edu.au/wps/portal/nesa/11-12/stage-6-learning-areas/stage-6-creative-arts/visual-arts-syllabus/assessment-and-reporting> (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

NSW Education Standards Authority (NESA) (2024b). *Common Grade Scale for Preliminary Courses* [ar líne]. Ar fáil: <https://educationstandards.nsw.edu.au/wps/portal/nesa/11-12/Understanding-the-curriculum/awarding-grades/monitoring-grades/common-grade-scale> (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

NSW Education Standards Authority (NESA) (2024c). *Syllabuses A-Z (Stage 6)* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.educationstandards.nsw.edu.au/wps/portal/nesa/11-12/Understanding-the-curriculum/syllabuses-a-z> (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

NSW Education Standards Authority (NESA) (2024d). *Visual Arts Stage 6 Syllabus (2016)* [ar líne]. Ar fáil: <https://educationstandards.nsw.edu.au/wps/portal/nesa/11-12/stage-6-learning-areas/stage-6-creative-arts/visual-arts-syllabus> (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

NSW Education Standards Authority (NESA) (2024e). *2025 Higher School Certificate Rules and Procedures* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.nsw.gov.au/sites/default/files/2024-09/nesa-2025-hsc-rules-and-procedures.pdf> (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

New Zealand Qualifications Authority (NZQA) (2025a). *Approved Subjects for University Entrance* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.nzqa.govt.nz/ncea/understanding-secondary-quals/university-entrance/ue-subjects/> (rochtain ar an 10 Meitheamh, 2025).

New Zealand Qualifications Authority (NZQA) (2025b). *Assessment Specifications: Level 3 Visual Arts 2025* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.nzqa.govt.nz/nqfdocs/ncea-resource/specifications/2025/91456-spc-2025.pdf> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

New Zealand Qualifications Authority (NZQA) (2025c). *NCEA and Secondary: Subjects* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.nzqa.govt.nz/ncea/subjects/select-subject/> (rochtain ar an 10 Meitheamh, 2025).

New Zealand Qualifications Authority (NZQA) (2025d). *Na hAmharc-ealaíona* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.nzqa.govt.nz/ncea/subjects/select-subject/visual-arts/> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

New Zealand Qualifications Authority (NZQA) (2024). *University Entrance* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.nzqa.govt.nz/ncea/understanding-secondary-quals/university-entrance/> (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

New Zealand Qualifications Authority (NZQA) (gan dáta). *Entering NCEA and NZ Scholarship* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.nzqa.govt.nz/assets/NCEA/Subject-pages/2-Universal-documents/Candidate-Information-Sheet.pdf> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

Oide, Teicneolaíocht sna Oideachas (2025). Suíomh gréasáin: *Mol IS i Scoileanna* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.oidetechnologyineducation.ie/intleacht-shaorga-i-scoileanna/?lang=ga> (rochtain ar an 1 Lúnasa, 2025).

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2024). *Obair chúrsa na hArdteistiméireachta, 2024. Nóta eolais do thrí ábhar Ardteistiméireachta ag a bhfuil sonraíochtaí nua ábhair* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.examinations.ie/misc-doc/EN-AR-44513649.pdf> (rochtain ar an 14 Iúil, 2025).

SLO (2025). *Updating Core Objectives and Examination Programmes* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.slo.nl/thema/meer/actualisatie-kerndoelen-examenprogramma/> (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

SLO (2024a). *Arts and Culture HAVO/VWO* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.slo.nl/sectoren/havo-vwo/kunst-cultuur-havo/onderbouw/> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

SLO (2024b). *Draft Core Objectives Art and Culture* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.slo.nl/thema/meer/actualisatie-kerndoelen-examenprogramma/actualisatie-kerndoelen/conceptkerndoelen-kunst-cultuur/> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

SLO (2024c). *Guide SE CKV* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.slo.nl/handreikingen/havo-vwo/handreiking-se-ckv-hv/> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

SLO (2023a). *Subject Structure of Art Subjects Upper Years VMBO/HAVO/VWO* [ar líne]. Ar fáil: [Subject structure art subjects upper years vmbo/havo/vwo - SLO](#) (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

SLO (2023b). *The Examination Programme* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.slo.nl/handreikingen/havo-vwo/handreiking-se-ckv-hv/examenprogramma/> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

SLO (2021). *Inspiration for your PTA* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.slo.nl/handreikingen/havo-vwo/handreiking-se-ckv-hv/pta/inspiratie-jouw-pta/> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

Singapore Examinations and Assessment Board (SEAB) (2025a). *About GCE Advanced Level* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.seab.gov.sg/gce-a-level/about-gce-a-level/> (rochtain ar an 14

Meitheamh, 2025).

Singapore Examinations and Assessment Board (SEAB) (2025b). *GCE Advanced Level for School Candidates* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.seab.gov.sg/gce-a-level/school-candidates/> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2024).

Singapore Examinations and Assessment Board (SEAB) (2025c). *2025 GCE Advanced Level Syllabuses Examined for School Candidates* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.seab.gov.sg/gce-a-level/a-level-syllabuses-examined-for-school-candidates-2025/> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2025).

An Chomhairle Ealaíon (2023). *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, Plean Trí Bliana* [ar líne]. Ar fáil: <https://artscouncil.ie/wp-content/uploads/2023/11/Saothar-Ealaine-Iontach-a-Thairgeadh-Plean-Tri-Bliana-2023-2025.pdf>

Universities Admissions Centre (UAC) (2025). *What is the ATAR* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.uac.edu.au/future-applicants/atar> (rochtain ar an 16 Meitheamh, 2025).

Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha le haghaidh ceapadh socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 4

1. Cúlra

- D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú an 20 Meán Fómhair 2023 maidir leis an gcur chuige atá le glacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear conas a thabharfaí aghaidh ar mheasúnú sna sonraíochtaí sin. I bhfocail shonracha, léirigh an fógra an méid a leanas:
 - Beidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ag gach ábhar i dteannta an scrúdaithe scríofa deiridh.
 - Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an chomhpháirt mheasúnaithe (CMB) sin.
 - Beidh aon scrúdú scríofa amháin ag gach ábhar; beidh 60% de na marcanna ag gabháil leis an scrúdú scríofa de ghnáth.
 - Go tipiciúil, ba cheart dhá chomhpháirt mheasúnaithe a bheith ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile (CMB).
- Is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tar éis an t-ualach measúnaithe foriomlán ar scoláirí a mheas go fada fairsing. Mar sin féin, bheadh eisceacht den sórt sin bunaithe ar fhianaise láidir shoiléir go bhfuil an dara CMB nó an dara scrúdpháipéar sa scrúdú deiridh riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaím an scoláire, rud nach féidir a bhaint amach trí CMB amháin agus scrúdpháipéar scríofa amháin.

2. Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa cháipéis seo ar na socruithe agus paraiméadair mheasúnaithe uileghabhálacha a threoraíonn ceapadh na sonraíochtaí le haghaidh gach ábhair i dTráinse 4, ina measc:

- Ealaín
- Eacnamaíocht
- Fraincis
- Gaeilge
- Gearmáinis
- Iodáilis
- An Pholaitíocht agus an tSochaí
- Spáinnis
- Teicneolaíocht.

Cuirtear bonn eolais faoin gcomhairle sin leis an obair leanúnach leis na hábhair i dTráinse 2 agus 3 agus leasófar í, de réir mar is cuí, i gcás tráinsí amach anseo lena bhféadfar a réimsí ábhair agus na socruithe measúnaithe atá ann faoi láthair a chur san áireamh.

Is léiriú ar an treo beartais a d'eisigh an tAire Oideachais iad na socruithe atá leagtha amach anseo: go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ann le haghaidh gach ábhair, go mbeidh sí i bhfoirm nach scrúdú scríofa traidisiúnta í, go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na comhpháirteanna sin a leagan amach agus a mheasúnú, agus ar an gcaoi sin go mbeidh béim níos lú ar scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh sa 6ú bliain.

Go sonrach, tá na socruithe do na comhpháirteanna measúnaithe uile ar a dtugtar breac-chuntas sa cháipéis seo leagtha amach ar bhonn na bhfógraí ón Aire an 29 Márta 2022, agus ina dhiaidh

sin an 20 Meán Fómhair 2023. Agus na tuiscintí seo a leanas mar bhonn taca leis na comhpháirteanna measúnaithe:

- ní bheidh siad i bhfoirm scrúduithe scríofa traidisiúnta
- is é CSS a leagfaidh amach iad agus a mharcálfaidh iad
- beidh siad faoi réir shocruithe CSS chun iad a chur i gcrích, a dheimhniú agus a chur isteach.

Agus na socruithe ar a dtugtar breac-chuntas thíos á bhforbairt, is amhlaidh atá an bunús seo a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe eile, thar scrúduithe scríofa, a bheith ag na hábhair uile. Cuirtear bonn eolais faoin mbunús sin le plé ar thaighde atá coimisiúnaithe ag CNCM agus CSS, agus ar an litríocht mheasúnaithe go ginearálta. Ón obair seo, is léir go bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh leis na comhpháirteanna sin:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin foráil a dhéanamh do **chóras measúnaithe níos leithne**; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir a mheas gur 'léargas' ar fhoghlaim atá iontu agus go bhféadfaí an iomad béime a chur ar ullmhú do scrúduithe sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh; le foirmeacha eile measúnaithe is féidir an fhéidearthacht chun an cúngú sin ar fhoghlaim a mhaolú trí ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus/nó níos cuimsithí ná mar is féidir a dhéanamh le scrúduithe scríofa iontu féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil inmheasúnaithe go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun go bhforbróidh a dtuiscint agus a measúnú ar **phríomhinniúlachtaí** trí bheith ag cur le tuiscint níos fearr faoin gcaoi le heolas, scileanna, luacha agus meonta a mheasúnú.
- Deiseanna a chur ar fáil do scoláirí agus do mhúinteoirí chun **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí**, borradh a chur faoi spreagadh foghlama na scoláirí agus deiseanna maidir le cleachtais aiseolais fhoirmithigh a fheabhsú.
- Raon agus ilchineálacht na ndeiseanna measúnaithe a shíneadh; lena n-áirítear **an t-ualach measúnaithe a scaipeadh** i gcaitheamh an dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach agus dá réir sin cabhrú leis an mbrú a bhíonn ar scoláirí a laghdú nó a leathadh.
- **Scileanna agus inniúlacht mheasúnaithe na múinteoirí** a chothú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn múinteoirí le scoláirí agus iad ag obair trí na gníomhaíochtaí measúnaithe a shonraítear i dtreoracha measúnaithe nó treoirlínte.
- Sonraí measúnaithe scoláirí a ghiniúint lena féidir leochaileacht an chórais a laghdú i leith suaithreadh amach anseo ar an gcóras nach bhfacthas riamh cheana nó nach raibh coinne leis amháin COVID.
- Foráil a dhéanamh maidir le deiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas a bhraitheann ar scrúduithe scríofa deiridh agus sin amháin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go léirítear freisin le hathbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe ar bhealach níos ginearálta, nuair a thabharfar isteach comhpháirteanna measúnaithe eile nach mór breithniú ar conas rioscaí a mhaolú, mar shampla:

- rómheasúnú ar scoláirí
- róchleachtadh ar mheasúnuithe
- measúnuithe ina bhfuil an iomarca struchtúir, ranna, athdhéanta agus gnáthaimh.

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socruithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Ina theannta sin, ar leibhéal na gclár uile (.i. agus na hábhair agus na modúil uile a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna á gcur san áireamh), is gá aird a thabhairt ar an ualach measúnaithe iomlán a bhíonn ar an scoláire go príomha, agus ar scoileanna ar bhonn níos ginearálta freisin. Cé gur féidir a bheith ag súil leis go bhféadfadh SDGanna díriú ar an gcur chuige chun measúnú a dhéanamh ina

n-ábhar féin ar dtús, moltar dóibh a bheith airdeallach ar an ualach measúnaithe foriomlán ar fud na n-ábhar agus na modúl uile. Ar na breithnithe sin ar leibhéal na gclár uile, áireofar freisin na modhanna measúnaithe a bhíonn in úsáid. Mar a luaitear thuas, is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an bpróiseas le haghaidh na gcásanna sin.

3. Próiseas

Leagtar amach sa chuid seo an próiseas trína ndéanfar breithniú agus cinneadh ar athrú ar na paraiméadair a shainítear sa cháipéis seo; mar shampla, CMB breise nó an dara scrúdú scríofa deiridh.

1. Tar éis do SDG cuid mhór plé a dhéanamh agus tar éis réimse roghanna a fhiosrú le haghaidh CMB oiriúnach aonair/scrúdú scríofa aonair don ábhar, gineann Feidhmeannas CNCM nóta scríofa ina leagtar amach an cás láidir, soiléir atá á dhéanamh ag an Meitheal Forbartha.
2. Aontaíonn an Mheitheal Forbartha Ábhair an cás scríofa agus cuireann siad a n-ainmneacha leis.
3. Pléitear an cás scríofa leis an mBord don tSraith Shinsearach.
4. Pléitear an cás scríofa leis an gComhairle. De bhun an phlé sin, cinneann an Chomhairle cé acu is ceart nó nach ceart an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn.
 - a) Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle nach bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, iarrann an Chomhairle ar an Meitheal Forbartha oibriú ar bhonn na bparaiméadar arna leagan amach sa cháipéis seo a bhaineann leis an ábhar i gceist.

NÓ

- b) Tar éis di breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle go bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, aontaíonn an Chomhairle an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais.
5. I gcás 4b, seoltar an cás scríofa chuig Oifig Bainistíochta an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRPMO) sa Roinn Oideachais lena bhreithniú agus le haghaidh freagartha.
 6. Féadfaidh an Roinn an Grúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRIG) a thionól chun tacú lena breithniú ar an iarraidh ar athrú. Is struchtúr atá á threorú ag an Roinn é SCRIG a bunaíodh chun maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar do chomhordú na hoibre ar fud na bpríomhghníomhaireachtaí/na bpríomheagraíochtaí a rannchuidíonn le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ar a chomhaltáí áirítear oifigigh shinsearach ón Roinn (an Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht, an Chigireacht, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí [FGM]), CNCM, CSS agus Oide.
 7. Cinneann an Roinn tacaíocht a thabhairt nó diúltú don iarraidh ar athrú a lorgaíodh, agus cuireann sí a cinneadh in iúl i scríbhinn do CNCM in am trátha.
 8. Déanann an Mheitheal Forbartha Ábhair dul chun cinn maidir lena cuid oibre i gcomhréir le freagra na Comhairle (a eascraíonn as 4a) nó freagra na Roinne (a eascraíonn as 4b agus 7).

4. Amlínte

Beidh am ag teastáil don phróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas. Maidir leis an am sin, dá mbeadh roinnt seachtainí i gceist, d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige ar an amlíne le haghaidh céimeanna sonracha d'obair ar shonraíocht an ábhair agus/nó cur i gcrích foriomlán na sonraíochta sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn lena breithniú í. Is féidir go bhfágfaidh an toisc ama sin gur gá do CNCM cruinnithe breise den Mheitheal Forbartha Ábhair, den Bhord don tSraith Shinsearach agus den Chomhairle a eagrú ar líne chun a chinntiú go gcomhlíonfar an obair forbartha laistigh de na hamlínte foriomlána.

Leagtar amach i dTábla 1 thíos na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair (SDGanna) a threorú de réir mar a dhéanann siad an measúnú is iomchuí do gach ábhar a mheas. Leagtar amach i dTábla 2 na paraiméadair shonracha do gach ceann de na hábhair i dTráinse 4.

Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair thráinse 4

Údair Mhachnaimh	Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú.
Cineál	Leagfar amach cuspóir agus nádúr na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus sna treoirlínte a théann léi chun tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Cuirfear mionsonraí ar fáil maidir le cineál na comhpháirte. Ar na samplaí atá ann tá: • tionscadal taighde/aiste fhada • measúnú ó bhéal • measúnú feidhmíochta • measúnú punainne • déantán a chruthú • staidéar allamuigh • turgnamh/ cruthúnas ar choincheap/ iniúchadh praiticiúil. Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir an méid a éilítear ar scoláirí a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Soláthrófar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le sraith torthaí foghlama ó shonraíocht an ábhair, chomh maith le mionsonraí faoi na príomhinniúlachtaí agus na torthaí foghlama bainteacha atá le measúnú. Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh.
Ualú	Bronnfar 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil ar an gcomhpháirt mheasúnaithe i ngach ábhar.
Am	Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse a bhfuil gá léi chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh i gcaitheamh an staidéir.
Cur i gCrích agus Cur Isteach	Cé gur féidir le SDG an uair a d'fhéadfadh sin tarlú a mholadh (mar ar tagraíodh dó thuas ag féachaint don ualach measúnaithe ar scoláirí go háirithe), déanfaidh CSS cinneadh deiridh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúinuithe uile ar fud na n-ábhar uile. Tabharfaidh CSS an méid sin chun críche tar éis dó dul i mbun plé le CNCM agus an Roinn Oideachais.

	Foilseoidh CSS na dátaí deiridh faoina mbeidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú agus/nó le cur isteach ag an scoláire agus ní bheidh na dátaí sin sa tsonraíocht ábhair.
Dearadh	Is éard a bheidh mar thoradh ar fhormhór na gcomhpháirteanna measúnaithe mír chríochnaithe a bhfuil difríocht bhunúsach idir í agus scrúdú scríofa traidisiúnta agus ina ndéantar tástáil ar inniúlachtaí difriúla a bheith á dtarchur chuig CSS agus á meas ag CSS. I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú.
Treoir	Beidh treoirlínte a thacóidh le comhpháirteanna measúnaithe sonracha do gach ábhar. Forbróidh an CNCM agus an CSS na treoirlínte sin i gcomhar le chéile. Déanfaidh machnamh an SDG agus iad i mbun oibre ar fhorbairt na sonraíochta eolas dóibh agus beidh na mionsonraí a leanas san áireamh: • cuspóir na comhpháirte lena mbaineann, .i., cad é atá beartaithe a mheasúnú léi. • an cineál comhpháirte/gníomhaíochta measúnaithe atá i gceist. • tuairisceoirí ar cháilíocht i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeán mheasúnaithe ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal má mheastar gur gá de réir an mhodha measúnaithe. • mionsonraí maidir le huainiú an mheasúnaithe (a fhad agus cathain a d'fhéadfadh sé tarlú). • treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar.

Tábla 2: Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe do gach ábhar i dTráinse 4

Ábhar	Na socruithe reatha	Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe nua
Ealaín	<i>Obair chúrsa phraiticiúil:</i> 50% (curtha i gcrích thar 12 sheachtain); I mí na Nollag de Bhliain 6, eisíonn CSS leabhar sceitseála agus treoir le 3 théama agus roghnaíonn na scoláirí ceann amháin acu. Ní mór dóibh 2 dhéantúsán a chruthú in 2 réimse cleachtais ar leith. Cuirtear déantúsán amháin i gcrích le linn na tréimhse seo agus ní mór dóibh dul i mbun planála do tháirgeadh an dara déantúsán sa scrúdú praiticiúil. <i>Scrúdú Praiticiúil:</i> 20% (5 uair an chloig); scrúdú ar a ndéantar feitheoireacht. Déantar é 10 lá tar éis chur i gcrích na hoibre cúrsa praiticiúla (thuas). Díritear ar chur i gcrích an dara déantúsán. Tá an	An scrúdú scríofa: ualú 30% ar an laghad. An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 60% ar a laghad mar fhreagairt ar threoir arna heisiúint ag CSS. Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.

	phleanáil don mheasúnú seo san áireamh sa leabhar sceitseála. Tugann CSS cuairt ar an scoil le measúnú a dhéanamh ar an dá dhéantúsán agus ar an leabhar sceitseála. <i>Scrúdú scríofa:</i> 30% (2.5 uair an chloig)	
Eacnamaíocht	Maireann an scrúdú scríofa 2.5 uair an chloig do scoláirí ardleibhéil agus gnáthleibhéil agus bronntar 400 den 500 marc atá ar fáil (80%) air. Tionscadal taighde scoláire aonair atá san obair chúrsa, rud a dhéantar mar fhreagairt ar threoir chomhchoiteann ó CSS agus is fiú 100 marc é (20%). Tá sé bunaithe ar thorthaí foghlama na sonraíochta. Déantar an obair chúrsa agus an obair phraiticiúil a ghrádú i gcomhréir leis na caighdeáin a bhaineann leis an leibhéal ag a ndéanann an t-iarrthóir an scrúdú scríofa.	Scrúdú scríofa: ualú 60%. Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 40%. Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir.
Fraicis	Béaltriail: AL: 25% GL: 20% Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25% Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40% Cur in lúl Scríofa: AL: 25% GL: 15% Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Téacs ainmnithe ar bith. Dírítear an bhéaltriail ar chomhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais agus d'fhéadfadh saothar litríochta nó tionscadal ar oibrigh an scoláire air a bheith san áireamh léi.	An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad. Comhpháirteanna measúnaithe: Béaltriail: ualú 20% ar a laghad Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.
Gaeilge	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal Scrúdú scríofa le 2 pháipéar:	Scrúdú scríofa (lena n-áirítear cluastuiscint, cumadóireacht agus tuiscint); ualú 50% ar a laghad

	Páipéar 1: AL 2 uair; GL 1 uair 50 nóim. (160 marc) Cluastuiscint (60 marc) Cumadóireacht (100 marc) Páipéar 2: AL 3 uair 5 nóim.; GL 2 uair 20 nóim. (200 marc) Léamhthuiscint (AL agus GL: 100 nóim.) Prós (AL 30 nóim.; GL 50 nóim.) Filíocht (AL 30 nóim.; GL 50 nóim.) Litríocht Bhreise (AL 40 nóim.) Béaltriail: 240 marc Le haghaidh AL agus GL: ▪ Réamhrá: 5m ▪ Léamh Filíochta: 35m ▪ Comhrá: 120m ▪ Sraith pictiúr: 80m Bonnleibhéal Páipéar scríofa amháin: 2 uair 20 nóim. (360 marc) Cluastuiscint (120 nóim.) Léamhthuiscint (150 nóim.) Scribhneoireacht (90 nóim.) Béaltriail: (240 marc) Tá seo roinnte ina 4 bhloc mar a leanas: Bloc 1: Teaghlach agus Baile Bloc 2: Cúrsaí Scoile Bloc 3: Caithimh aimsire Bloc 4: Laethanta saoire, am, aimsir agus obair.	Béaltriail: ualú 40% ar a laghad
Gearmáinis	Béaltriail: AL: 25% GL: 20% Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25% Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40% Cur in lúl Scríofa: AL: 25% GL: 15% Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scribhneoireachta i gcrích le	An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad. Comhpháirteanna measúnaithe: Béaltriail: ualú 20% ar a laghad Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.

	linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Téacs ainmnithe ar bith. Tá 3 chuid sa Bhéaltriail: A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais B: Plé ar thionscadal nó ar shraith pictiúr C: Cás rólimeartha	
Iodáilis	Béaltriail: AL: 25% GL: 20% Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25% Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40% Cur in lúl Scríofa: AL: 25% GL: 15% Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe. Tá 3 chuid sa Bhéaltriail: A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais B: Cás rólimeartha C: Sraith pictiúr	An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad. Comhpháirteanna measúnaithe: Béaltriail: ualú 20% ar a laghad Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.
An Pholaitíocht agus an tSochaí	Is fiú 80% de na marcanna iomlána atá ar fáil an scrúdú scríofa, agus maireann an scrúdú 2 uair an chloig agus 30 nóiméad ar fad. Tuarascáil saoránachta atá i gceist leis an obair chúrsa agus sanntar an 20% atá fágtha di.	An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth. An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad. Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir.
Spáinnis	Béaltriail: AL: 25% GL: 20% Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25% Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40% Cur in lúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%	An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad. Comhpháirteanna measúnaithe:

	Tá an Bhéaltriall ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe. Tá 2 chuid sa Bhéaltriall: A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais le rogha saothar litríochta a phlé B: Cás rólimeartha	Béaltriall: ualú 20% ar a laghad Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.
Teicneolaíocht	Is ionann an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%). Maireann scrúdú scríofa an ardleibhéil 2.5 uair an chloig agus maireann scrúdú scríofa an ghnáthleibhéil 2 uair an chloig. Is ionann an obair chúrsa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%). Tá an obair chúrsa difriúil agus teoracha ar leith socraithe le haghaidh an ardleibhéil agus an ghnáthleibhéil. Eisítear na teoracha thart ar an 1 Deireadh Fómhair (Bliain 6) lena gcur i gcrích timpeall an 30 Márta.	Scrúdú scríofa: ualú 50%. Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 50%. Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment